

ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHONTAE UÍBH FHAILÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



*Is é a chuirimid romhainn, comhoibriú le
muintir Chontae Uíbh Fhailí le Seirbhís
ardchaighdeáin a chur ar fáil.*

Tuarascáil bhliantúil Údarás Áitiúil Chontae Uíbh Fhailí

**COMHAITHEASC ÓN gCATHAOIRLEACH
agus ón mBainisteoir Contae**



**An Comhairleoir Eamon Dooley
Cathaoirleach**



**Pat Gallagher
Bainisteoir Chontae**

Tá an-áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúil Chontae Uíbh Fhailí don bhliain 2007 a chur i láthair. Tá faisnéis sa tuarascáil seo faoi na seirbhísí a chuir an Chomhairle ar fáil, faoi na comhaltaí, faoin bhfoireann agus faoi na rannóga tofa aici.

Táimid ag súil a bheith ag obair le comhaltaí agus le foireann thofa na gComhairlí, agus leis an bpobal i gcoitinne, agus muid ag cur le forbairt Chontae Uíbh Fhailí in am a bhfuil deiseanna agus dúshláin araon ann.

Is bliain eachtrúil a bhí ann don Chomhairle, agus í ar a dícheall seirbhísí ardchaighdeán agus costéifeachtacha a chur ar fáil. Tá forbairt leanúnach Chontae Uíbh Fhailí mar chontae beoga tarraingteach le haithint ó mhéid agus ó éagsúlacht na ngníomhartha i mbliana.

Tairseach an Láir Tíre

De bharr shuíomh tábhachtach Chontae Uíbh Fhailí i gceantar an Láir Tíre, mar aon le hainmniú na Tulaí Móire mar chuid den ATM (Baile Átha Luain, an Tulach Mhór, an Muileann gCearr) - Tairseach Lár Tíre, tá ról ríthábhachtach ag an gContae i dtabhairt chun críche ardaidhmeanna forbartha an cheantair. Cuireadh iarratas ar mhaoiniú

isteach chuig an gCiste Nuálach Tairsí, rud a chuirfeadh go mór ar chumas na Tulaí Móire an ról aici a fhorbairt sa Tairseach agus i gContae Uíbh Fhailí araon.

Córais Chostála Náisiúnta Nua - Buiséad 2008

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2007, chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil córas costála nua d'údaráis áitiúla i bhfeidhm. Léirigh Rialtas Áitiúil níos fearr an gá le córas costála a thabharfadh costais seirbhíse don Earnáil Rialtais áitiúil, agus thacaigh Tuarascáil Indecon ar Mhaoiniú an Rialtais Áitiúil leis seo. Tá sé mar aidhm ag an gcóras costála nua, trédhearcacht a sholáthar maidir le costais seirbhísí, sa réimse a bhfuil gá le gearradh ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil, go háirithe. Tá sé á thabhairt isteach do bhuiséad na Comhairle Contae i 2008, agus do bhuiséid na Comhairle Baile i 2009.

Forbairt/Tairseach Pleanála agus Eacnamaíochta

Tá an t-ullmhúchán le haghaidh Dhréachtphlean Forbartha an Chontae 2009-2015 go maith chun tosaigh. Scaipeadh é ar na comhaltaí tofa lena machnamh a dhéanamh air. Tá an plean seo an-tábhachtach d'fhorbairt an chontae amach anseo, go háirithe i dtaca le tairseach nasctha rathúil i gceantar an Láir Tíre a sheachadadh, i gcomhar le páirtithe leasmhair ríthábhachtacha, agus ag tapú na ndeiseanna ón dTairseach lena chinntiú go bhfuil forbairt chothrom ann fud fad an chontae. Tá seo le haithint ar Dhréachtphlean Forbartha an Chontae.

Forbairt/Tairseach Pleanála agus Eacnamaíochta

Tá an t-ullmhúchán le haghaidh Dhréachtphlean Forbartha an Chontae 2009-2015 go maith chun tosaigh. Scaipeadh é ar na comhaltaí tofa lena machnamh a dhéanamh air. Tá an plean seo an-tábhachtach d'fhorbairt an chontae amach anseo, go háirithe i dtaca le tairseach nasctha rathúil i gceantar an Láir Tíre a sheachadadh, i gcomhar le páirtithe leasmhair ríthábhachtacha, agus ag tapú na ndeiseanna ón dTairseach lena chinntiú go bhfuil forbairt chothrom ann fud fad an chontae. Tá seo le haithint ar Dhréachtphlean Forbartha an Chontae.

Clár Caipitil

Cuireadh tuarascáil iomlán faoi bhráid na gcomhaltaí tofa i mí an Mheithimh 2007, a leag béim ar an gClár Forbartha Caiteachas Caipitil do na chéad trí bliana eile. Bhí sonraí sa tuarascáil, chomh maith, faoi ranníocaíochtaí forbartha a bailíodh le linn na bliana deireanaí, agus a chuir in iúl éilimh amach anseo ar ranníocaíocht ioncaim fhorbartha, a tháinig den Chlár Forbartha Caiteachas Caipitiúil.

Cuireadh dréacht leasaithe de Scéim forbartha Ranníocaíochta faoi bhráid na gcomhaltaí i mí na Samhna 2007. Tá sé eisithe anois le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Is den riachtanas go bhfuil dóthain ranníocaíochtaí forbartha ag an gcontae seo le leanúint ar aghaidh le hoibreacha caipitil riachtanacha. Tá na hoibreacha seo ríthábhachtach i ndáil le Dréacht-Phlean Forbartha an Chontae 2009-2015, agus le Forbairt Thairseach an Láir Tíre.

Cothabháil Tithíochta

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na próisis againn le haghaidh bainistiú cothabháil tithíochta. San athbhreithniú cuirfear san áireamh modheolaíochtaí le haghaidh rianú agus déileáil le hiarratais ar chothabháil tithíochta, agus úsáid éifeachtach acmhainní.

Chomh maith leis seo, tá athbhreithniú á dhéanamh ar fhreagracht choibhneasta an CC Tithíochta agus Ceantar, agus ar an rogha cothabháil tithíochta a roinnt in dhá fhochlár - (i) práinneach/éigeandáil agus (ii) cothabháil phleanáilte. Is é is cuspóir leis seo, cur chuige comhsheasmhach don tseirbhís a bheith ann ar fud na tíre (lena n-áirítear an dóigh a bhfreagraímid i gcomhréir lena bhfuil leagtha amach do thionóntaí sa lámhleabhar acu), agus a chinntiú, le himeacht aimsire, go laghdaíonn an clár cothabhála beartaithe, an gá le cothabháil phráinneach agus le deisiúcháin réamhligin.

Ba mhaith linn an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le hiar-Chathaoirleach Gerard Killaly, agus leis na comhaltaí, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann thofa - laistigh agus lasmuigh araon, as an gcoimítmint, as an gcomhoibriú agus as an dtacaíocht acu, i seachadadh sheirbhísí na Comhairle le linn 2007.

Eamon Dooley
Cathaoirleach

Pat Gallagher
Bainisteoir Chontae

CLÁR ÁBHAIR

INTREOIR

CAIBIDIL 1 SEIRBHÍSÍ IOMPAIR AGUS BONNEAGAIR

- SEIRBHÍS BÓTHAIR & IOMPAIR
- SEIRBHÍSÍ UISCE

CAIBIDIL 2 SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, SÓISIALTA, POBAIL & CULTÚRTHA

- TITHÍOCHT
- EALAÍONA
- SEIRBHÍS CONTAE LEABHARLAINNE
- POBAL & FIONTRAÍOCHT

CAIBIDIL 3 FORBAIRT PLEANÁLA & EACNAMAÍOCHTA

OIDHREACTH

CAIBIDIL 4 SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

**COMHSHAOL
SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA
SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN
COSAINTE SHIBHIALTA**

CAIBIDIL 5 SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & ACMHAINNÍ DAONNA

- SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
- ACMHAINNÍ DAONNA
- COMHPHÁIRTÍOCHT

CAIBIDIL 6 CÓRAIS FAISNÉISE

CAIBIDIL 7 AIRGEADAS

- CÁNACHAS GLUAISTEÁIN

CAIBIDIL 8 COMHAIRLE BAILE NA TULAÍ MÓIRE

- COMHAIRLE BAILE BHIORRA
- COMHAIRLE BAILE ÉADAIN DHOIRE

BÓITHRE

Aidhm: Chun gluaiseacht shábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil do dhaoine agus d'earraí ar an mbóthar.

Straitéisí:

Clár a chur i bhfeidhm le gréasán bóthair an Chontae a fheabhsú agus a chothabháil, soilsiú poiblí agus lena n-áirítear comharthaí bóthair.

Breithnithe forbartha inmharthana a chorpú sna polasaithe bóthair againn.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil chothrom agus éifeachtach a chur i bhfeidhm.

Rannpháirtíocht Pobail i scéimeanna bóthair a chur chun cinn.

Cruinnithe Coiste um Polasaí Straitéiseach

Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste um Polasaí Straitéiseach Bóithre agus Bonneagair i 2007. Cuireadh doiciméad beartais faoi chomharthaí bóthair ag scoileanna faoi bhráid an Choiste um Polasaí Straitéiseach agus glacadh leis i mí na Bealtaine 2007. Ghlac na Comhaltaí Tofa leis an bpolasaí seo ag an gcruinniú míosúil de chuid Chomhairle Contae Uíbh Fhailí i mí Iúil. I measc nithe a pléadh ag cruinnithe de chuid SPC le linn na bliana, bhí:-

- Droichid chanála
- Soilsiú poiblí
- Athbhreithniú ar Pholasaí Moilliú Trácht
- Feithiclí neamhúdaraithe ar bhóithre poiblí.

Tá Comhairle Contae Uíbh Fhailí freagrach as cothabháil 2,064 km de bhóthar sa Chontae. Miondealaítear an gréasán bóthair mar a leanas:-

Náisiúnta den chéad ghrád	19.76 km
Náisiúnta den dara grád	120.91 km
Réigiúnach	346.13 km
Áitiúil	1,577.15 km

I 2007 fuair Comhairle Contae Uíbh Fhailí leithdháileadh iomlán de €35,145,271 i leith bóithre Náisiúnta agus bóithre nach bóithre náisiúnta sa chontae. Bhí €1,486,647 de seo maoinithe ag cistí Chomhairle Contae Uíbh Fhailí féin, agus fuarthas an fuíollach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus ón Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil €1,940,000 de Shainfheabhsúchán ar bhóithre nach bóithre náisiúnta agus Deontais Speisialta ar fáil do na hoibreacha seo a leanas:-

- Bóthar Ceangail Bheannchair - Céim 2
- Ród/Droichead Chaisleán Loiste
- Staidéar Féidearthachta do Sheachbhóthar Chluain na nGamhan
- Bóthar Faoisimh Chlóirthigh - dearadh
- Droichead Bhaile Mhic Spolláin, an Tulach Mhór
- Bóthar Faoisimh Laistigh Éadain Dhoire

Chuir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniú ar luach €21,983,000 ar fáil do Mhórscéimeanna um Bóithre Náisiúnta den dara grád, agus d'Oibreacha Cosáin agus Mionfheabhsúcháin, do na tionscnaimh a leanas:-

- Seachbhóthar na Tulaí Móire
- Feabhsúchán cosáin ar N52 ó Bhiorra go Baile Idir Dhá Abhainn
- Feabhsúchán cosáin ag Sráidbhaile Chill Chormaic.
- Feabhsúchán cosáin ag an Muclach
- Feabhsúchán cosáin ag Sráidbhaile Chill Aichidh.
- Feabhsúchán cosáin ag Baile Clóirthigh.
- Feabhsúchán cosáin ar N62 Biorra go Ros Cré.
- Feabhsúchán cosáin ag Dún.
- Feabhsúchán cosáin ag an gClochán.



Bhí Bearta Sábháilteachta um Bóithre Náisiúnta den chéad agus den dara grád, arna maoiniú ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) ar luach €680,000, beartaithe agus suiteáilte sna láithreacha seo a leanas:-

- N52 Muclach Moilliú Tráchtá
- N52 Cill Chormaic Moilliú Tráchtá
- N62 An Clochán Moilliú Tráchtá

- N62 Cóireáil Bóthair an Tairbh Dhuibh go Tobar Mháille
- N7 Cóireáil Bóthair Dhún Chairn go teorainn Thiobraid Árann
- N80 Crosaire Pháirc na gColúr Cill Aichidh
- N80 Droichead Cox
- N80 Acomhal Bóithre an Churraigh Clóirtheach
- N62 Doirín an Locha go Gall Rois
- N62 Cill Urnaí, An Féar Bán

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Tríd an scéim seo is féidir bóithre, nach bhfuil Comhairle Contae Uíbh Fhailí faoina mbun, agus a bhfuil bealach isteach chuig dhá dháileachán talún ar a laghad acu, faoi úinéireacht daoine éagsúla atá ag gabháil do chúrsaí talmhaíochta nó do ghnóthaí fómhair a fheabhsú. Is é €418,140 leithdháileadh na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Riatais Áitiúil i 2007. Dá bharr seo, agus le cabhair ó leithdháileadh CLAR, bhí 19 scéim as 71 ó liosta tosaíochta 2007 curtha i gcrích.

Ionchur pobail i scéimeanna bóthair

Is féidir leis an gComhairle suas le 7.5% de leithdháileadh iomlán le haghaidh athchóirithe, cothabhála/atógála a chaitheamh ar bhóithre a mbeadh ionchur acmhainní ó phobail áitiúla orthu. Ní mór do phobail áitiúla íosmhéad de 25% idir airgead nó comhchineál a thabhairt don tionscnamh. Chuir an leithdháileadh €286,000 (€71,500 an ceantar) ar chumas Chomhairle Contae Uíbh Fhailí roinnt scéimeanna i ngach ceantar a chur ar bun.

Sláinte agus Sábháilteacht

Bhí Sláinte agus Sábháilteacht maidir le hoibreacha bóthair ina cheist leanúnach i 2007. Ionas gur chomhlíon Contae Uíbh Fhailí go hiomlán le reachtaíocht reatha Sláinte agus Sábháilteachta, bhí tuairim is 10% go 15% de chostais bhreise shuntasacha thabhairthe ar scéimeanna oibreacha bóthair.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tionóladh an cruinniú tionscnaimh de chuid an fhochoiste um Sábháilteacht agus um Thrácht ar Bhóithre i mí Mhárta 2007. Bunaíodh an coiste faoi choimirce an Chomhchoiste Phóilíneachta.

I 2007 tugadh faoi na saintionscnaimh le haghaidh sábháilteachta ar bhóithre a leanas

Eagraíodh Comórtas ealaíne do Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhar le Ceantar Garda na Tulaí Móire/Éadain Dhoire. Bhí dhá scoil déag páirteach ann agus chuir breis is 80 páiste iarratas isteach.

Ag tacú go fóill le Scéim Maor Scoile Sóisearach i gcúig bhunscoil sa Chontae.

"Clár Tiomáint don Saol" a chur chun cinn i measc dhaltaí na hidirbhliana i meánscoileanna.

CLAR/DOEHLG - CÓMHAOINIÚ LE HAGHAIDH TIONSCNAMH BÓITHRE AGUS DROICHEAD 2007

Fuarthas leithdháileadh €39,346 faoin scéim seo i mí na Bealtaine 2007, le haghaidh oibreacha ar bhóithre áitiúla den dara agus den tríú grád, agus le haghaidh droichead i gceantair CLAR. Cuireadh críoch le ceithre scéim bóthair, mar a leanas:-

- Bealach an Fhothair Biorra - 600 méadar de bhóthar áitiúil den tríú grád
- Crogan, Éadan Doire - 640 méadar de bhóthar áitiúil den tríú grád
- Cluain Mhic Nóis, An Féar Bán- 625 méadar de bhóthar áitiúil den dara grád
- Doire Fhada, An Féar Bán- 630 méadar de bhóthar áitiúil den dara grád

	Údaráis Áitiúla Chontae Uíbh Fhailí	
	Táscaire Seirbhísí	
R.1		2007
	Cóiriú dromchla áitiúil agus réigiúnach sa bhliain (sq.m)	559,400
	% de chóiriú dromchla ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha sa bhliain	5.519

Seirbhísí Uisce

Aidhm:

Chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar, seirbhísí atá riachtanach do spriocanna sóisialta, eacnamaíochta agus forbartha áitiúla, ar cothrom le caighdeán cháilíochta.

Straitéisí:

- Leanúint ar aghaidh le bonneagar seirbhísí uisce a fheabhsú chuig na caighdeán cháilíochta uisce is airde
- Soláthar bonneagar uisce agus séarachais, le riar ar fhorbairt amach anseo
- Scéimeanna Soláthar Uisce poiblí agus Séarachais a fheidhmiú agus a chothabháil ag leibhéal ardchaighdeán, trí úsáid a bhaint as cleachtais oibre nua-aimseartha agus éifeachtacha.
- Clár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm trí riarachán Deontas agus Fordheontas Grúpscéimeanna agus trí chúnadh na hEarnála Grúpscéime; soláthar Scéimeanna Beaga; riarú na Scéime Soláthar Uisce Aonair (Deontas Tobair)
- Soláthar talaimh shaothraithe chun tacú le forbairt chónaithe.
- Cláir maidir le caomhnú uisce agus le bailiú agus le cóireáil fuíolluisce a chur i bhfeidhm.
- Dea-chleachtas i ndearadh, i bpleanáil agus i mbainistiú uisce, agus i seirbhísí fuíolluisce a chur i bhfeidhm.

Caighdeán Uisce:

Tá caighdeán an uisce óil ríthábhachtach go fóill. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar scéimeanna uisce poiblí agus ar ghrúpscéimeanna uisce, lena chinntiú go gcaomhnaítear an t-ardchaighdeán uisce sa Chontae. Rinneadh an mhonatóireacht de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007 (I.R. 278 de 2007).

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar scéimeanna séarachais phoiblí de réir riachtanas Rialúcháin Fuíolluisce Uirbeach agus riachtanas EPA.

Táscairí Seirbhísí:

<i>E.2 Céatadán de thorthaí anailíse ar uisce óil, i gcomhréir le riachtanais reachtúla maidir le</i>	
Scéimeanna Poiblí	(níl fáil air)
Scéimeanna Príobháideacha (más iomchuí)	(níl fáil air)

(Ráta iomlán comhlíonta: 99%)

Rinneadh dul chun cinn sna mórthionscnaimh seo a leanas i 2007

Scéim Séarachais na Tulaí Móire

Cuireadh Cáipéisí Conartha le haghaidh uasghrádaithe go 30,000 PE ar Ionad Cóireála Fuíolluisce faoi bhráid DEH LG le faomhadh. Tá tús curtha leis an bproiséas tairisceana, agus bhí conraitheoirí gearrliostaithe .

Cuireadh EIS, le haghaidh uasghrádaithe bhreise de 15,000 P.E ar Ionad Cóireála Fuíolluisce faoi bhráid an Bhoird Phleanála le faomhadh.

Feabhsúcháin Sholáthar uisce na Tulaí Móire - Céim 5

Tá Athbhreithniú ar an Dearadh chun ionad cóireála uisce Chluain na Slí a uasghrádú curtha faoi bhráid DEH LG le faomhadh.

Scéim Séarachais Róid

Ullmhú Cáipéisí Conartha ar siúl.

Scéim Séarachais Eatramhaigh Róid

Tógáil na scéime críochnaithe.

Plean Bainistíocht Sloda

Is mar chuid de Scéim Séarachais na Tulaí Móire a thabharfar faoi thógáil an ionaid mhoil ar an Tulach Mhór,

Tionscadal Caomhnú Uisce:

Céim 2 le haghaidh Caomhnú Uisce ar siúl.

Tionscnamh Méadrú Uisce Tráchtála

Conradh le haghaidh suiteáil méadair ar siúl.

Scéim Soláthar Uisce Bhiorra

Réamhthuarascáil curtha faoi bhráid D.E.H.L.G. le faomhadh.

Oibreacha Éigeandála Soláthar Uisce Bhiorra

Oibreacha éigeandála críochnaithe.

Scéim Feabhsúcháin Séarachais Bhiorra

Fuarthas agus athbhreithníodh réamhthuarascáil.

Scéim Séarachais Bhiorra (Píblínte)

Conradh críochnaithe.

Scéim Séarachais Éadain Dhoire

Réamhthuarascáil faofa. Tús curtha le tógáil Scéim Feabhsúcháin Sholáthar Séarachais agus Uisce Éadain Dhoire - Réamhoibreacha tosaithe.

Scéim Séarachais Éadain Dhoire- Dearadh Tógáil Feidhmigh

Scéim coimisiúnaithe.

Tionscnamh Talaimh Shaothraithe Éadain Dhoire (Scéim Uisce Dromchla)

Scéim críochnaithe.

Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Éadain Dhoire/Róid

Faomhadh EIS chun an scéim a uasghrádú i mí na Nollag, 2006. Cuireadh réamhthuarascáil faoi bhráid DEH LG le faomhadh.

Scéim Séarachais Uimh. 1 Grúpaí Baile agus Sráidbhaile Chontae Uíbh Fhailí - Staidéar Féidearthachta

(Baile Átha Chomair, Beannchar, An Lios Dearg, An Daingean, Cionn Eitigh, Muine Gall, Droichead na Sionainne, Suí an Róin agus Cill Chormaic)
Réamhthuarascáil á hullmhú.

Scéim Soláthar Uisce Grúpaí Baile agus Sráidbhaile Chontae Uíbh Fhailí - Staidéar Féidearthachta

(Raithean, Dún Cairin/Muine Gall, Cnocán Bhólais, Géisill, Cionn Eitigh, Cúl Doire, Cluain Bolg, agus Inis na mBreatnach)
Réamhthuarascáil á hullmhú.

Bhí dul chun cinn déanta san Earnáil Grúpscéime i 2007 mar a leanas:

Fuarthas leithdháileadh blocdheontais de €1,669,800 i 2007, faoin gClár Uisce Tuaithe.

Ceanglaíodh na grúpscéimeanna uisce seo a leanas le príomhphíobán uisce:-
Corr na Darach/Baile Uí Dhálaigh

Bhí na grúpscéimeanna nua uisce a leanas á dtógáil i 2007:-
G.W.S. Aondroim

G.W.S. An Ráth Céim 2&3

White Forge G.W.S.

G.W.S. Bhealach Cláir

G.W.S Choill Chró

Uasghrádaíodh na grúpscéimeanna uisce seo a leanas i 2007:-

G.W.S. Bhreacánaigh, Taiscumar

G.W.S. Bhaile Átha na gCarr, Taiscumar

G.W.S. Chill Aichidh, Uasghrádú píblíne

Rinne na hoibreacha nua nó na hoibreacha uasghrádaithe seo a leanas dul chun cinn go dtí faomhadh deartha/céim thairisceana don bhliain 2007:-

GWS an Bhóthair, Uasghrádú Ionad Díghalraithe ar bun.

GWS an Tobair, uasghrádú foinse agus píblínite. Conraitheoir ceaptha.

GWS Dhroim Cáithe, uasghrádú foinse agus píblínite.

GWS an Bhreacánaigh, uasghrádú píblínite. Níl dearadh curtha isteach.

GWS Bhaile Átha Buí, uasghrádú píblínite. Dearadh faofa.

GWS Chill Aichidh Cluain na nGamhan, foinse nua a fhorbairt. Dearadh faofa.

GWS Bhaile Uí Chomáin, Céim 1. Dearadh faofa.

GWS an Ráth Céim 4, píblínite nua. Conraitheoir ceaptha.

GWS Imill Thiar, píblínite nua. Conraitheoir ceaptha.

Deontais Tobair/Soláthar Uisce Tí

Cabhraíonn an Chomhairle le teaghlaigh, trí sholáthar uisce tí píopaithe a chur ar fáil, nó le heasnaimh a leigheas i soláthar uisce reatha d'úsáid an teaghlaigh atá seacht mbliana nó is sine d'aois, suas le €2,031.58 ar a mhéad nó 75% de chostas na n-oibreacha, cibé ceann is lú. I 2007, íocadh 12 deontas ag costas €24,058.94.

RANNÓG TITHÍOCHTA

Ról na Rannóige

Tá ról ríthábhachtach ag an rannóg tithíochta maidir le soláthar agus le feabhsú lóistín, dóibh siúd nach bhfuil a leithéid ar a n-acmhainn acu. Oibríonn an rannóg de réir na sainchuspóirí atá leagtha amach sa phlean cúig bliana againn le haghaidh Tithíochta sóisialta ar phraghas íseal 2004-2008, a ndéantar athbhreithniú go bliantúil air, agus is amhlaidh a dhéantar coigeartú ar na spriocanna de réir claonta agus éileamh athraitheach.

Is iad príomhghníomhartha na rannóige, soláthar díreach tithíochta sóisialta agus ar phraghas íseal, éascú na hearnála tithíochta deonaí, cur chun cinn úinéireachta tí trí iasachtaí agus dheontais tithíochta do dhaoine aonair, lena n-áirítear daoine faoi riachtanais speisialta, cur i bhfeidhm na Scéime um chóiríocht ar cíos mar mhalairt ar thithíocht shóisialta, ag soláthar réimse roghanna lóistín don lucht siúil, ag dul i ngleic le cúrsaí na ndaoine gan dídean, agus cur chun cinn bainistíochta eastáit in eastáit tithíochta údaráis áitiúil.

Tithíocht shóisialta

Cuireadh 91 aonad lóistín ar fáil do dhaoine a raibh gá acu le tithíocht i 2007 mar gheall ar an gclár díreach tógála againn, ar éadail Cuid V d'aonaid shóisialta i bhforbairtí príobháideacha, ar cheannachán aonad athlámhe, agus ar leithdháileadh corrfholúntas.



Tithíocht ar phraghas réasúnta

Fuarthas 27 aonad ar phraghas réasúnta le linn 2007 i bhforbairtí tithíochta príobháideacha i gClóirtheach agus in Éadan Doire. Chuir an chomhairle críoch le 6 teach ar phraghas réasúnta le linn na bliana chomh maith le 10 suíomh chóirithe i gCéim 1 d'fhorbairt ag Gailinne, an Féar Bán. Chomh maith leis seo bhí cead ag an bpobal teach taispeántais ar

phraghas réasúnta a cheannach san fhorbairt. Is luach iontach airgid a bhí sna haonaid seo, díoladh bunaonad ag €135,000 agus díoladh teach taispeántais ag €145,000.

Scéim Cheannaigh ag Tiontóntaí

Le Scéim Cheannaigh ag Tiontóntaí na Comhairle tugtar rogha do thiontóntaí údaráis áitiúil, an teach acu a cheannach faoi réir critéar áirithe. Is féidir le tiontóntaí de chuid an údaráis áitiúil, amach ó eisceachtaí ar leith, iarratas a chur isteach leis an teach acu a cheannach i ndiaidh bliana tionóntachta. Ceannaítear na tithe glan ón gComhairle ag an luach ar an margadh, go bhfaightear lascaine do gach bliain tionóntachta, suas go 10 mbliana ar a mhéad. Díoladh 21 teach faoin scéim seo anuraidh.

Deontas do dhaoine faoi mhíchumas

Tá an deontas do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil d'iarratasóirí incháilithe, chun feabhais a chur ar an teach acu, d'fhonn riachtanais ball teaghlaigh atá faoi mhíchumas a éascú. Chaith an chomhairle breis is €1.5m ar riarú na scéime seo i 2007, gur chabhraigh le 103 iarratasóir.

Easpa Dídine

Oibríonn an Chomhairle agus na contaetha Lár Tíre máguarid, leis na Clanna Shíomóin Láir Tíre, go gcuirimid maoiniú ar fáil, i leith Oibrithe For-Rochtana/Oifigeach Lonnaíochta a fhostú, daoine a oibríonn go díreach le cliaint atá gan dídean ar chuir na húdaráis áitiúla ar aghaidh iad, agus a bhfuil obair acu lóistín a fháil iad féin.

Bainistiú Eastáit in Eastáit Údaráis Áitiúil

Leithdháladh suim iomlán €5,400 do 11 Cumann Áitritheoirí faoin scéim deontais againn i 2007. Eagraíodh clár traenála réamhthionóntachta do gach tionónta úr le linn na bliana.

D'eagraigh agus mhaoinigh an Rannóg Tithíochta i gcomhar le Comhairle Baile na Tulaí Móire, le Mór-Roghanna na Tulaí Móire, le Cumann Respond Housing agus le hOideachas Fo-Rochtana Chontae Uíbh Fhailí clár traenála Fetac Céim 5 um Forbairt agus Ceannaireacht Pobail le haghaidh Bainistiú Eastáit le linn na bliana. D'éirigh le 12 rannpháirtí ó gach cearn den chontae an traenáil a chríochnú.

Feictear sa ghrianghraf na teastais á mbronnadh ar na rannpháirtithe, ag searmanas bronnta sa Chluain Mhór ar 12 Samhain 2007. Chuaigh cuid de na rannpháirtithe ar aghaidh go cláir tríú leibhéal ó shin i leith.



Scéim um chóiríocht ar cíos (RAS)

Tá Contae Uíbh Fhailí ar cheann d'ocht n-údarás a threoraigh an tionscnamh rialtais seo, tionscnamh atá dírithe ar dhaingneacht tionachta agus lóistín ar chaighdeán is fearr a chinntiú d'fhaighteoirí cíosa fadtéarmacha (i.e. iad siúd fuair cíos do 18 mí nó níos mó de ghnáth). Bhí breis is 60 tionónta faoin scéim i gContae Uíbh Fhailí ag deireadh 2007.

Coiste um Polasáí Straitéiseach Tithíochta, Sóisialta & Culúrtha

Tháinig an coiste seo le chéile cúig uaire le linn 2007, agus rinneadh moltaí ar roinnt beartas le linn na bliana, lena n-áirítear:-

- Beartas Clós súgartha
- Bunú Coimisiún Scannáin do chontae Uíbh Fhailí
- Plean Ealaíon Chontae Uíbh Fhailí
- Dea-chleachtas a chur chun cinn sa Tithíocht Dheonach
- Scéim Deontais do dhaoine faoi mhíchumas & do Dheisiúcháin Riachtanacha
- Scéim Pointí le haghaidh Tithíochta ar phraghas réasúnta
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Oifigeach Ainmnithe Údaráis Áitiúil um Thurasóireacht

*Achoimre ar bhunghníomhartha 2007 faoi Chuspóirí Straitéiseacha
Pleana Chorpharáidigh*

*Ceannaireacht Pobail do chontae Uíbh Fhailí agus dá phobal ar fad a
chur ar fáil, cibé na cúinsí agus na cúlraí acu*

Líon na gcruinnithe Tithíochta, Sóisialta & Cultúrtha SPC a tionóladh	5
Líon na moltaí polasaí a rinneadh	8

*Ag uasmhéadú infheistíocht thairgiúil, chun gur fusa poist mhaithe
inmharthana a chruthú sa Chontae*

<i>Líon na n-aonad dírthógtha Údaráis Áitiúil críochnaithe i 2007.</i>	23
<i>Líon na n-aonad sóisialta Cuid V faighte</i>	16
<i>Líon na gcorrholúntas</i>	22
<i>Líon na n-éadálacha athlámhe</i>	30
<i>Líon na dtithe ar phraghas réasúnta faighte/críochnaithe</i>	33
<i>Líon na n-iasachtaí tithíochta/atógála a íocadh</i>	8
<i>Líon na mbeart ceannaigh ag tionóntaí a críochnaíodh</i>	21
<i>Líon na scéimeanna liúntais mhorgáiste faofa</i>	5

*Ag déanamh áit dheas, shábháilte, agus shultmhar d'Uíbh Fhailí le
hoibriú agus le cónaí ann*

<i>Líon na gcuartheanna eastáit de chuid an CLO le haghaidh cuspóirí bainistiú eastáit.</i>	54
<i>Líon na ndeontas a ceadaíodh do chumainn áitritheoirí údaráis áitiúil</i>	11
<i>Caiteachas Cothabháil Tithíochta</i>	€646,000

Ag cruthú comhtháthú sóisialta agus cuimsithe fud fad an Chontae

<i>Líon na ndaoine gan dídean a fuair cabhair dhíreach ón údarás áitiúil</i>	
<i>Líon na dteaghlach den lucht siúil a fuair lóistín</i>	23
<i>Líon na gcúrsaí réamhthionachta a bhí ann</i>	21
<i>Líon DPG a íocadh</i>	103
<i>Líon ERG a íocadh</i>	28

Ag forbairt agus ag seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin

<i>Tionscnaimh nua do chustaiméirí</i>	<ul style="list-style-type: none">• Tionóladh sainchruinnithe athbhreithnithe ar sheirbhís do chustaiméirí le ceithre choiste ceantair
--	--

Straitéisí éifeachtacha cumarsáide inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chur chun cinn

<i>Tionscnaimh nua chun cumarsáid a fheabhsú</i>	<ul style="list-style-type: none">• Mír Thithíochta de láithreán gréasáin na Comhairle athchóirithe go hiomlán
--	--

Ag bainistiú na Comhairle ionas gur áit dheas éifeachtach í le hoibriú ann

<i>Oiliúint Foirne</i>	<ul style="list-style-type: none">• Láimhsiú• Oiliúint ar Shábháilteacht• Oiliúint HOME• Dínit san Ionad Oibre• Feasacht litearthachta• Oiliúint phromhaidh• PMDS• Tógáil foirne• Forbairt maoirseoireachta agus bainistíochta• Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe
------------------------	---

Caiteachas a bhaineann le fáiltithe agus le bronntaí ar aíonna oirice agus i dtaca le hócáidí speisialta a bheith ar siúl i gcomhréir le hócáidí na rannóige.

Dada

Sonraí faoi Thabhartais ar ghlac an Rannóg Tithíochta leo le linn na bliana

Dada

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

SEIRBHÍS EALAÍON

Is mian le Seirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí tacú le forbairt timpeallacht bheoga ealaíon sa chontae.

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon faoin

'Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha 2002-2012' de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí chun 'cruthaitheacht, samhlaíocht, tallann agus traidisiúin gach duine in Uíbh Fhailí agus na bealaí a gcuirtear na nithe sin in iúl iad a éascú "

Agus Plean Ealaíon Chontae Uíbh Fhailí 2007 go 2011: "*chun ceannasaíocht a sholáthar i dtaca le heispéiris ealaíon do chách atá uilechuimsitheach agus nuálach agus chun na buntáistí a bhaineann le rochtain mhéadaithe ar na healaíona agus rannpháirtíocht sna healaíona dár saoránaigh ar fad a léiriú trí dhea-chleachtas agus comhpháirtíocht.*"

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhrudaí a bhaineamar amach i 2007 mar seo:

Deontas £2m d'Ionad Ealaíon na Tulaí Móire

Cuireadh iarratas isteach chuig an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta faoin gclár caipiteal ACCESS II agus fógraíodh deontas £2m i mí Aibreáin.

Plean Ealaíon Uíbh Fhailí Foilsithe

D'fhoilsigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a céad Phlean Ealaíon i mí Bealtaine. Lainseáil an Chomhairle Ealaíon an plean tar éis comhchruinnithe le baill de chuid na Comhairle Ealaíon.

Bunaítear Complacht Damhsa i mBiorra

I gcomhpháirt le hAmharclann agus Ionad Ealaíon Bhiorra thacaíomar le bunú na céad chomplachta gairmiúla ealaíne léiriúcháin le lonnú in Uíbh Fhailí. Is í aidhm Legitimate Bodies Dance Company rochtain forleathan ar dhamhsa a sholáthar don phobal chomh maith le bheith ag dul ar chamchuartheanna náisiúnta agus idirnáisiúnta lena gclár féin.

An tSraith Ceol in Eaglaisí

Bhunaíomar sraith nua **Ceol in Eaglaisí** chun ceol clasaiceach, comhaimseartha agus domhanda d'ardchaighdeán a chur chun cinn in eaglaisí ar fud an chontae. Bhí léirithe ann ag Juana Muzika (Cór Liotuánach), an Bester Quartet (banna snagcheoil ón Pholainn) agus 3epkano (ensemble clasaiceach ó Bhaile Átha Cliath). Thacaíomar le tionscnaimh i 2007 a bhí dírithe ar fhorbairt an cheoil sa chontae, mar an **Tullamore International Summer Organ Series**, **Tullamore Gramophone Society** agus **Tullamore School of Rock**.

Féile Ealaíon Hullabaloo do pháistí.

I gcomhpháirt le hAmharclann agus Ionad Ealaíon Bhiorra bhunaíomar an chéad Fhéile Ealaíon do pháistí in Uíbh Fhailí in ionaid thart ar Bhiorra. Bíonn an fhéile ar siúl le linn briseadh lár téarma an Fhómhair. D'éirigh thar barr leis go dtí seo agus díoladh amach cuid mhór de na ceardlanna agus na léirithe.

Ealaíona i gCúrsaí Sláinte

Bhí dhá bhua ar leith ag *Anam Beo* an clár comhpháirtíochta Ealaíona i gCúrsaí Sláinte leis an HSE:

1. Roghnaigh Aostacht agus Deiseanna dhá íomhá ón taispeántas dá bhfeachtas náisiúnta clár fógraí do mhí Bealtaine 2007 (Tulach Mhór agus Baile Átha Cliath)
2. Mhainigh Iarnród Éireann macasamhlú 12 íomhá ón taispeántas le haghaidh taispeántais fhadtéarmaigh i Stáisiún Thulach Mhór.

Scéim thacaíochta d'Ealaíontóirí

Fuair 25 ealaíontóir tacaíocht airgeadais faoin scéim seo chun cuidiú leo ábhair a cheannach, díol as costais taispeántais nó as tréimhse thaighde. Bronnadh Sparánacht Tyrone Guthrie ar an scríbhneoir Geraldine O'Toole le go bhféadfadh sí coicís a chaitheamh ag Annamacarrig agus fuair an bheirt ealaíontóir Peter McMorris agus Louise O'Brien a gcéad thaispeántas aonair in Áras an Chontae.

Duaiseanna Drámaíochta

Fuair 11 grúpa drámaíochta agus cumann ceoil maoiniú le haghaidh léirithe nó trealaimh. Fuair Lisa Byrne (Cullacht Stáitse Bhiorra), Jim Lawlor (Cumann Drámaíochta Eden) agus Claire Lynch (Grúpa Drámaíochta Bheannchair) sparánachtaí chun freastal ar Scoil Samhraidh Chonradh Drámaíochta na hÉireann.

Tacaíocht d'Fhéilte

D'éascaigh Oifig na nEalaíon maoiniú agus comhairle do:

- Fleá Cheoil Oíche Fhéile Eoin Dhroichead na Sionainne
- Seachtain Sean Ré agus Féile Ealaíon Bhiorra
- Féile an Fhéinics
- Féile Scéalaíochta Shliabh Bladhma

Bealtaine, Féile Ealaíon d'Aosaigh

D'fhorbair agus chomhordaigh Oifig na nEalaíon clár imeachtaí ar fud an chontae i mí Bealtaine, le coirmeacha ceoil le Cór Soiscéalach Thulach Mhór, taispeántais, ceardlanna ceapadóireachta, scéalaíocht agus ceol ar fad san áireamh.

An Compántas Amharclainne ar Snámh

Sa bhliain 2007 bhunaíomar comhpháirtíocht mhaoinithe le hUiscebhealaí Éireann chun cur le líon na scoileanna a bheadh in ann glacadh le cuairt ón gCompántas Amharclainne ar Snámh.

S.N.B Scoil Mhuire, Éadan Dhoire, S.N. Róid, S.N. Chruacháin, S.N. Na Sráide Airde, An Lios Dearg, S.N. Chluain Mhic Nóis, agus S.N. Bheannchair.

Ghlac 360 dalta páirt ann agus chonaic timpeall 1000 duine na léirithe.

Deontais Aisteoireachta

Fuair 59 grúpa pobail maoiniú faoin scéim seo chun imeachtaí ealaíne a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu. Bhí suimeanna idir €300- €800 ar fáil.

Comhthionscadail Lár Tíre (Oifigí Ealaíon Uíbh Fhailí, na hIarmhí, Laoise agus an Longfoirt.

- Iris Chultúir agus Ealaíne Lár Tíre, iris 32 leathanach a fhoilsítear 3 huair sa bhliain agus a scaiptear saor in aisce a léiríonn éagsúlacht agus caighdeán na dtionscadal ealaíne atá ar siúl ar fud na gceithre chontae. Is í an aidhm atá ag an iris ionannas cultúrtha níos láidre a chruthú i Lár Tíre.
- Tionscadal ceoltóra chónaithe, le beirt ceoltóirí ag obair sa 9 n-ionad altrama i Lár Tíre, atá á fhorbairt i gcomhpháirt leis an HSE agus Gréasán Ceoil.
- Tá Kindermusic á fhorbairt go fóill i 9 n-ionad mar chlár oideachais ceoil do thachráin agus tuismitheoirí, i gcomhpháirt leis an VEC.

Úrscéalaithe Óga

D'oibrigh an t-úrscéalaí Caroline Barry le grúpa ceapadóireachta do dhaoine óga (14 go 18) i dTulach Mhór ar feadh bliana ag múineadh

scileanna ceapadóireachta, agus forbairt carachtar agus plotaí dóibh. Bhí tromlach na rannpháirtithe ag scríobh úrscéil agus lainseáladh cnuasach de shleachta as na húrscéalta sin **A Murder of Crows** i mí na Nollag.

Coimisiún Scannáin

Choinnigh an grúpa oibre orthu ag fiosrú bealaí le tuilleadh léirithe a mhealladh chun an chontae agus bealaí le spéis sa scannánaíocht a chothú sa chontae. Is í an Comhairleoir Marcella Corcoran Kennedy a bhí mar chathaoirleach ar an ghrúpa, ar bhail eile an ghrúpa tá Oifigeach Ealaíne, déantóirí áitiúla scannán agus daoine eile a bhfuil spéis acu i bhforbairt scannán. Cuireadh tuarascáil isteach i mí na Nollag 2007.

Seirbhís tacaíochta agus eolais do ghrúpaí gairmiúla, amaitéaracha, deonacha agus pobail agus aonáin sna réimsí sin.

Is áis Oifig na nEalaíon d'ealaíontóirí a bhfuil comhairle, treoir agus eolas faoin tslí lena gcleachtas ealaíne a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá an ghné seo den tseirbhís bunaithe ar phrionsabail dea-chleachtais i ngach réimse d'fhorbairt na n-ealaíon agus tá sé mar aidhm aici muinín mhéadaithe i modheolaíochtaí ardchaighdeáin agus an cur chuige gairmiúil a chothú.

Táscairí Seirbhíse d'Oifig na nEalaíon 2007

Pobal Iomlán 70604

Deontais Aisteoireachta

<u>Líon na ndeontas a díoladh</u>	<u>46</u>
<u>Buiséad Iomlán</u>	<u>€17,130</u>
<u>Luach iomlán na ndeontas in aghaidh an mhíle duine sa daonra</u>	<u>€242.62</u>

Deontais eile (Scéimeanna & deontais Amharclainne, Fhéile srl.)

<u>Líon na ndeontas a díoladh</u>	<u>50</u>
<u>Buiséad Iomlán</u>	<u>€152,282</u>
<u>Luach iomlán na ndeontas in aghaidh an mhíle duine sa daonra</u>	<u>€2,156.85</u>

Maoiniú Cláir (Tionscadail a ritheann An tSeirbhís Ealaíon)

<u>Buiséad Iomlán</u>	<u>€97,932.65</u>
-----------------------	-------------------

Luach iomlán na ndeontas in aghaidh an mhíle duine sa daonra

€1,387.07

Caiteachas eile de chuid na Seirbhíse Ealaíon ag OCC

(Tuarastail, riarachán, foilseacháin, trealamh srl.)

Buiséad Iomlán

€111,513.74

Luach iomlán na ndeontas in aghaidh an mhíle duine sa daonra

€1,579.42

Caiteachas Iomlán do na hEalaíona i 2007 in aghaidh an mhíle duine sa daonra

Buiséad Iomlán

€378,857.59

Luach iomlán na ndeontas in aghaidh an mhíle duine sa daonra

€5,364.9

Leabharlann agus Cartlann an Chontae

Rochtain

Cuireadh le rochtain ar sheirbhísí leabharlainne trí uaireanta oscailte Leabharlann Éadain Dhoire a shíneadh ó 27 uair go 34.5 uair. Mhéadaigh seo líon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna ar fud an chontae go dtí 198.5 uair.

Leabharlanna Ar-líne

D'éirigh linn rochtain phoiblí ar an idirlíon trí leathanbanda a sholáthar i ngach craobhleabharlann. Mhéadaigh úsáid an idirlín faoi 7% ar figiúir 2006. Bhí méadú freisin in úsáid feidhmiúchán ríomhaire eile. Baineann an pobal inimirceach an-leas as na hacmhainní seo. Agus gréasán 55 pointe rochtana poiblí idirlín ar fud an chontae, tá Seirbhís Leabharlainne an Chontae suite go maith chun tacú le soláthar seirbhísí ar-líne, e-rialtas san áireamh.

An tionscadal 'Leabharlanna ag Athrú'

Tá an-tábhacht ag baint le sean-chóipeanna de nuachtáin i dtaighde stairiúil. Is chomhthionscadal The Irish Times Digital Archive idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, The Irish Times agus An Chomhairle Leabharlanna. Is ionann an chartlann agus macasamhail

bheacht de gach eagrán den nuachtán ó 1859 go dtí 2007. D'éirigh linn an áis seo a chur ar fáil i ngach craobhleabharlann sa chontae i 2007.

Seirbhís Leabharlainne na Scoileanna

Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta thar €41,000 le stoc a cheannach do bhunscoileanna. Soláthraíonn An Roinn Scoileanna de chuid Seirbhís Leabharlainne an Chontae seirbhísí leabharlainne don 67 bunscoil atá sa chontae. Tugadh cuntais ar-líne isteach i 2007 agus thug foireann leabharlainne cuairt ar gach bunscoil chun an áis seo, a ligeann do scoileanna breathnú ar a gcuntais féin leabharlainne, a thaispeáint agus a chur chun cinn. Roghnaíonn baill foirne ón Roinn Scoileanna leabhair go cúramach chun freastal ar riachtanais gach scoile. Tugann cuid mhór múinteoirí cuairt ar Roinn Leabharlainne na Scoileanna mar a bhfaigheann siad cuidiú a rogha féin a dhéanamh agus mar a gcuirtear ar an eolas iad faoi réimse na n-acmhainní atá ar fáil.



Páistí ó Scoil Bhríde ag baint taitnimh as cuairt ar Leabharlann Éadain Dhoire

Clár Chultúrtha agus For-rochtana

Thionscain Baill foirne de chuid Seirbhís Leabharlainne an Chontae neart clár cultúrtha chomh maith le bheith páirteach iontu agus freagrach as iad a bhainistiú. Bhain na cláir seo le gach rannóg den phobal, le béim ar leith ar for-rochtain le daoine óga agus aosaigh.

D'eagraíodh clár cuimsitheach de chuirteanna údair, le hocht n-údar ag tabhairt thar 28 cuairt ar 900 páiste ar fud an chontae. Ba iad na húdair a thug na cuairteanna Kate Thompson, Jon Berkeley, Tom McCaughren, Maeve Friel, Oisín McGann, Mary Arrigan, Ann Carroll agus Aubrey Flegg. D'éirigh thar barr leis an gclár i measc múinteoirí agus daltaí araon agus fuarthas aischothú ar nós;

"shíl na daltaí go raibh sí [cuairt an údair] an-spéisiúil, faisnéiseach agus oideachasúil"

"bhí spéis ar leith acu sna sleachta óna leabhair agus na maisiúcháin a rinne sé"



Cuireann an lucht féachana ó Scoil Náisiúnta An Mhuclaigh dúspéis in Oisín McGann, údar agus maisitheoir a bhfuil foilseacháin idirnáisiúnta aige, le linn a chuairte ar Leabharlann Thulach Mhór ar 25 Deireadh Fómhair 2007 mar chuid de cheiliúradh Féile Leabhar na bPáistí a bhí á reáchtáil ag Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí.

Ghlac Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí páirt freisin i gclár Féile Leabhar na bPáistí. Chuidigh ceannach agus dáileadh ábhair phoiblíochta a dearadh go speisialta le cur chun cinn na seirbhíse leabharlainne agus na Féile Leabhar. Reáchtáladh comórtas "Dear Leabharmharc" ar fud an chontae mar chuid de cheiliúradh na féile, agus fuarthas beagnach 1000 iontráil. Is í Tara Flynn ón bhFéar Bán a bhí mar bhuaiteoir sa chatagóir 10 mbliana d'aois & faoi, agus is í Hilary Newcome ó Bheannchar a bhí mar bhuaiteoir sa chatagóir 11 bhliain d'aois agus thairis. Bronnadh luach €50 de dhearbháin leabhair ar gach buaiteoir ina leabharlann áitiúil.

Taispeántais a reáchtáladh trínár nGréasán Craobhleabharlainne

- Taispeántas grianghrafadóireachta de chuid RTÉ i Leabharlann Thulach Mhór 14 - 28 Meán Fómhair 2007.
- Reáchtáladh taispeántais ealaíne poiblí i mBiorra, Éadan Dhoire, An Féar Bán agus Cill Chormaic.

Leabhar Soiscéil Mhacregol Bhorra

Tharla aistriú oifigiúil mhacasamhail Leabhar Soiscéil Mhacregol Bhorra ó Chumann Staire Bhorra go dtí Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar 5 Nollaig 2007 i Leabharlann Bhorra.



I láthair ag aistriú oifigiúil mhacasamhail Leabhar Soiscéil Mhacregol Bhorra ó Chumann Staire Bhorra go dtí Comhairle Chontae Uíbh Fhailí bhí: An tUrramach Irene Morrow, Uachtarán Chumann Staire Bhorra; Bridget Sullivan, Cisteoir Chumann Staire Bhorra; an Comhairleoir Tony McLaughlin, Comhairle Baile Bhorra agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí; Teresa Ryan-Feehan, Comhordaitheoir Léiriúcháin Chumann Staire Bhorra; Ruth McNally, Stiúrthóir Feidhmeach Seirbhísí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Foilseacháin a lainseáladh i 2007 i gcomhair le Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí

- *Tullamore Workhouse: the first decade, 1842-1852* le Michael Murphy Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a d'fhoilsigh, lainseáladh é in Áras an Chontae i mí Dheireadh Fómhair 2007.
- *Edenderry County Offaly and the Downshire Estate 1790-1800* le Ciarán Reilly, lainseáladh é i Leabharlann Éadain Dhoire i mí Lúnasa 2007.
- *An Island Road* leis an Dr Philip Brady lainseáladh é i Leabharlann Éadain Dhoire i mí na Nollag 2007.

Ócáidí Cultúrtha agus For-rochtana

- Tharla Sraith Léachtaí Leabharlann Bhorra agus bhí an-rath uirthi. Tugadh na léachtaí seo a leanas:-
 - Paul Barber *Birr Past and Present*,
 - Sean Cooke *History of the Leinster Regiment* agus lainseáladh bailiúchán speisialta leabhar agus meán a bhaineann le Reisimint Laighean

Magaret Hogan Local Manuscripts.

- Clubanna leabhair a d'eagraigh foireann leabharlainne i leabharlanna Thulach Mhór, Éadain Dhoire agus Bhiorra.
- Reáchtáladh sraith seisiún scéalaíochta do pháistí sna leabharlanna mar chuid den togra Feighlíocht Leanaí Uíbh Fhailí
- Bhí scéalaíocht sa Pholainnis ar siúl i Leabharlann Bhiorra
- Ceadail Ceoil le Karin Leitner i Leabharlann Bhiorra
- Cainteanna leis na staraithe áitiúla Paddy Heaney agus Paddy Lowry os comhair Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir i mBiorra.
- Tharla cuid mhór imeachtaí ar fud an chontae mar chuid de Bhealtaine, an fhéile náisiúnta a cheiliúránn cruthaitheacht sa tseanaois, agus cuireadh intreoir don idirlíon ar fáil i ngach leabharlann
- Tá Seirbhís Leabharlainne an Chontae ag tacú go fóill le Féile Scéalaíochta Shliabh Bladhma atá á reáchtáil ar bhonn bliantúil.
- Arts and crafts sessions at libraries
- Seisiúin Ealaíon agus Ceird sna leabharlanna



Edenderry-a photographic memory taispeántas leis an staraí áitiúil Ciarán Reilly i Leabharlann Éadain Dhoire, Lúnasa-Meán Fómhair 2007



Léitheoir óg díograiseach i Leabharlann Thulach Mhór

Staitisticí Bliantúil 2007

Ballraíocht - 10,846

Iasachtaí (leabhair agus meáin) - 200,937

Uaireanta ríomhaíochta agus Idirlín - 22,995

Líon na gcuartheanna scoile ar chraobhleabharlanna - 223

Taispeántais - 31

Gníomhaíochtaí - 92

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE 2007

Seirbhísí Leabharlainne L.1	
Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna lánaimseartha	35
Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna páirtaimseartha	18
L.2 Líon na mball leabharlainne ón phobal áitiúil atá cláraithe	10,846
L.3 Líon na n-eisiúintí (ar fud an chontae):	

(a) Leabhair (b) Rudaí eile	(a) 187,501 (b) 13,436
L.4 Líon na leabharlann a bhfuil rochtain phoiblí ar an idirlíon ar fáil iontu	9
L.5 Líon na seisiún idirlín a cuireadh ar fáil	18,802

Pobal & Fiontraíocht

Bunaithe ar Spriocanna Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh

1. Ag soláthair ceannasaíochta cathartha d'Uíbh Fhailí agus pobal an chontae go léir, is cuma faoina gcúinsí nó a gcúlra

1.1 Ag tacú le Bord Forbartha Chontae Uíbh Fhailí

I 2007 Lean Bord Forbartha an Chontae ar aghaidh le cur i bhfeidhm a bPlean Gníomhaíochta 2006-2008. Bhuail Coiste Stiúrtha BFC agus BFC in iomláine le chéile i mí Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair 2007. Chuir baill foirne ó Phobal & Fiontraíocht seisiún ionductaithe ar fáil do baill úra den Bhord.

Lean P&F orthu ag tacú agus ag éascú Fhoghrúpaí Idiraisíneachta Bhord Forbartha an Chontae agus iad ag iarraidh na Gníomhaíochtaí Tosaíochta óna bplean 3 bliana a chur i gcrích. Tá gnóthachtálacha na bhFoghrúpaí Idiraisíneachta i 2007 leagtha amach faoi na ceanteidil chuí thíos.

1.2 Comhairle na nÓg

Bhuail Comhairle na nÓg le chéile ag leibhéal an chontae i mí Dheireadh Fómhair chun cinneadh a dhéanamh faoi théamaí Dháil na nÓg. Reáchtáladh ceardlanna éascaithe chun na téamaí a phlé. Bhuail an Chomhairle le chéile arís i mí na Samhna in Áras an Chontae. Bhuail na daoine óga lena n-Ionadaithe Tofa Áitiúla agus chuir siad ceisteanna orthu faoi na nithe is cúram do dhaoine óga i ndíospóireacht a stiúir Cathaoirleach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Toghadh seisear toiscairí le

bheith mar ionadaithe d'Uíbh Fhailí ag Dáil na nÓg ag an gcruinniú bliantúil i mí Feabhra 2008.

Bronnadh €13,980 ar Pobal & Fiontraíocht faoin gClár Leasaithe do Chomhairle na nÓg chun cur lena gníomhaíochtaí i 2007 agus 2008.

1.3 Ag tacú le Fóram an Phobail le bheith páirteach i bhforbairt polasaithe.

Lean Fóram Phobal Uíbh Fhailí ar aghaidh le cur i bhfeidhm na moltaí a tháinig ó Athbhreithniú Fhóram an Phobail 2006. Bhuail Grúpa Stiúrtha Fhóram an Phobail le chéile ar bhonn míosúil agus bhí na hionadaithe gníomhach ar fhorais mar Bhord Forbartha an Chontae, Bord Fiontraíochta an Chontae, LEADER+ Uíbh Fhailí, an Fóram Oidhreachta, An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Coistí Straitéiseacha Polasaí na Comhairle Contae. Bhuail an Fóram le chéile go rialta ag leibhéal an cheantair thoghcháin le tacaíocht ó Chomhlachtaí Áitiúla Forbartha sa chontae agus an Roinn Pobail agus Fiontraíochta.


Lainseáil Fóram an Phobail a suíomh idirlín

www.offalycommunityforum.com



2. Ag uasmhéadú infheistíocht táirgiúil agus ar an tslí sin ag éascú forbairt post maith inbhuanaithe sa chontae.

Bhuail an IAG Turasóireachta le chéile 5 huairé i 2007. I mí na Nollag chríochnaigh siad Bróisiúr Idiráiséineachta a tharraing aird ar an chomhoibriú ar fad atá ar siúl sa chontae i dtaca le cúrsaí turasóireachta de. Scaipfead an bróisiúr ar gach teach i gcontae Uíbh Fhailí go luath i 2008.



Lean P&F ar aghaidh ag éascú obair an Fhoghrúpa Idiráisiúneachta Fiontraíochta de chuid Bhord Forbartha an Chontae agus bhí siad páirteach i gcónaí agus ag maoiniú i gcónaí an fhoghrúpa um Fhoghlaim Fhadsaoil de chuid Bhord Forbartha an Chontae le haghaidh Tionscadal For-rochtana Oideachais Uíbh Fhailí.

3. Ag Féachaint chuige gur áit phléisiúrtha, sábháilte, agus sultmhar í Uíbh Fhailí le bheith ag obair agus ag cónaí ann.

Spórt

I 2007 lean Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Uíbh Fhailí ar aghaidh le cur i bhfeidhm a gclár, Buntús san áireamh. I mí Iúil reáchtáil an Chomhpháirtíocht Spóirt Féile Idirnáisiúnta Cluichí a bhí mar bhuaicphointe ag na gníomhaíochtaí go léir a bhí dírithe ar phobail mhionlaigh a mhealladh chuig eagrais spóirt. Fuair an tionscadal maoiniú (€69k) ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.



Foireann Cispheile na Liotuáine

Chríochnaigh an Chomhpháirtíocht Spóirt forbairt a Phlean Straitéisigh 2008 - ??????? i mí na Nollag 2007.

Súgradh

D'éascaigh agus thacaigh P&F leis an bhfoghrúpa Idiráisiúneachta de chuid BFC a bhí ag obair ar fhorbairt Straitéis Súgartha Contae. Reáchtáil baill den ghrúpa comhairliúcháin phobail agus reáchtáladh comhairliúcháin aonair le balleagraíochtaí faoina ról agus faoi na féidearthachtaí ar fad maidir le soláthar deiseanna súgartha sa chontae.

D'eagraigh P&F Lá Súgartha Contae i gcomhpháirt leis an gComhpháirtíocht Spóirt, Coiste Cúram Leanaí an Chontae agus Oifig na nEalaíon ar 3 Iúil, an lá céanna leis an bhFéile Idirnáisiúnta Cluichí. Reáchtáladh an ócáid ag Harriers Thulach Mhór agus bhí tuairim agus 400 duine i láthair. Ar na himeachtaí a bhí ar siúl ar an lá bhí gníomhaíochtaí spóirt, cruthaigh-agus-déan, scéalaíocht, puipéid agus preabchaisleáin.



Mórtas Ceantair

C&E facilitated 3 communities to participate in the National Pride of Place Competition. The communities were Rhode Parish Enterprise, Rhode; Churchview Heights & Greenwood Park, Edenderry and Tullamore Housing Association, Tullamore. C&E supported the projects in the preparation of their presentations to the visiting judging panel and throughout the judging process in preparation for the National Awards event held in Westport, Co. Mayo in November 2008.

Chuidigh P&F le 3 phobal páirt a ghlacadh sa chomórtas náisiúnta Mórtas Ceantair. Is iad na trí phobail a bhí i gceist ná Rhode Parish Enterprise, Ród; Churchview Heights & Greenwood Park, Éadan Dhoire agus Tullamore Housing Association, Tulach Mhór. Thacaigh P&F leis na tionscadail agus iad ag ullmhú na gcur i láthair a bhí le déanamh os comhair an phainéil mholtóireachta ar cuairt agus go deimhin thacaigh P&F leo tríd an

bpróiseas moltóireachta ar fad mar ullmhúchán don ócáid Náisiúnta Bronnta Duaiseanna a bhí ar siúl i gCathair na Mart i Mí na Samhna 2008.

Tionscadal Aláirm Dheataigh

D'éascaigh P&F ról Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar chuid de Scéim Phíolótach chun aláraim dheataigh a dháileadh ar 250 teach in Uíbh Fhailí. Rinneadh tosaíocht de sheandaoine/seanlánúineacha a bhí ina gcónaí amuigh faoin tuath. Rinneadh príomhshruthú ar an tionscadal i 2007 agus tá P&F go fóill ag tacú le suiteáil aláram deataigh i 250 teach eile in Uíbh Fhailí.

4. Ag cothú comhtháthú sóisialta agus cuimsitheachta taobh istigh de agus ar fud an Chontae

Lean C&E de pháirt a ghlacadh i Líonra Foghlama an Rialtais Áitiúil in aghaidh na Bochtaineachta agus de dhea-chleachtas agus d'fhoghlaim a roinnt.

Lean C&E de thacaíocht a thabhairt do Chumann Bhearta Cuimsithe Shóisialta Uíbh Fhailí (SIM) agus dá fho-chumainn agus dá n-éascú. Ba iad na mórghníomhartha i 2007 ná:

- Forbairt Straitéise Áitiúla in aghaidh na Bochtaineachta le haghaidh Uíbh Fhailí. Agus an Straitéis á forbairt bhí gné láidir chomhairliúcháin ann le breis agus 100 geallsealbhóir. Ghlac an CBD an Straitéis Áitiúil in aghaidh na Bochtaineachta ar an 24 Deireadh Fómhair 2007.
- Tháinig an Fo-Chumann Tacaíochta na bPobal Mionlach le chéile 6 huair le linn 2007 agus thug an cumann tacaíocht agus maoiniú do roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear: An Féile Idirnáisiúnta Bia in Éadan Doire; aistriú Treoirleabhar Pobail Éadan Doire go 3 theanga; eagrú oíche eolais le haghaidh spailpíní fánacha ar fhreastail 72 duine air; rannpháirtíocht i dTionscadal Ateangaireachta Pobail an Lár-Réigiúin; thug tacaíocht do bhunú Cumann Ban le haghaidh Spailpíní Fánacha i dTulach Mhór. Thacaigh an maoiniú €5000 a leithdháileadh ó Chomhaontú Fostaíochta na hIarmhí le haghaidh gníomhaíochtaí Chumann Tacaíochta na bPobal Mionlach leis na gníomhaíochtaí seo.
- Tacaíocht leantach le haghaidh chur i bhfeidhm an Chláir um Sheirbhísí Comhtháite don Lucht Taistil a fuair maoiniú ó Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá C&E ag óstáil na Intéirneachta d'Oifigeach Eolais an Lucht Taistil ar feadh tréimhse 1

bliain chun gníomhaíochtaí an Chumann Oibre um Chuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm chun dearcaidh dhiúltacha faoin Lucht Taistil a athrú.

5. Ag forbairt seirbhísí d'ardchaighdeán agus á gcur ar fáil

Thacaigh Pobal & Fiontraíocht leis an bPróiseas Forbartha Comhtháthaithe Áitiúil agus Tuaithe le linn 2007 lenar áiríodh riarú an mhaoinithe (€207,500). Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas seo struchtúr amháin uileghabhálach a chruthú chun maoiniú forbartha áitiúla agus tuaithe agus seirbhísí a chur ar fáil.

Ag cruinniú Aibreáin de chuid an CBD cuireadh pleananna na nEagraíochtaí Forbartha Áitiúla & Tuaithe i láthair mar chuid den phróiseas bliantúil Formhuinithe. Cuireadh aighneachtaí le chéile mar thuarascáil a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Chuir gníomhaireachtaí ón 3 chrann eile taca an CBD a gcuid pleananna i láthair fosta mar chuid de leathnú an phróisis ionas go mbeadh cur i láthair pleananna san áireamh ag gach gníomhaireacht atá ar an CBD.

6. Forbair agus cuir chun cinn straitéisí éifeachtacha inmheánacha agus seachtracha cumarsáide.

Lean C&E den eolas ar dhul chun cinn Ghníomhaíochtaí Tosaíochta an CDB a chur le chéile agus de thuarascálacha ar dhul chun cinn a chur amach gach ráithe.

Chomhoibrigh an rannóg seo le rannóga eile sa Stiúrthóireacht ar bhonn rialta trí chruinnithe Stiúrthóireachta. Ghlac an fhoireann Pobail agus Fiontraíochta páirt i gceacht an phlean cúraim chustaiméirí- 'Ag Cur Seirbhísí Níos Fearr ar Fáil' agus thacaigh le riarú an tionscadail seo.

7. Ag bainistiú na Comhairle le bheith mar áit mhaith agus éifeachtach chun oibirú ann.

D'eagraigh C.E oiliúint maidir le feasacht litearthachta don fhoireann i gComhairle Contae Uíbh Fhailí i Samhain 2007. D'fhreastail 15 den fhoireann ar an seisiún.

Thacaigh C&E i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Taistil an Na Tulaí Móire agus thacaigh an HSE le heagrú Oiliúna Feasachta Cultúrtha an

Lucht Taistil mar chuid den Chlár Seirbhísí Comhtháite don Lucht Taistil. Osclaíodh an oiliúint do gach ballghníomhaíocht den Chlár Seirbhísí Comhtháite den Lucht Taistil gur fhreastail 6 d'fhoireann Chomhairle Contae Uíbh Fhailí air.

Tá sé mar aidhm ag na ceardlanna seo oiliúna tuiscint a mhéadú i measc fhoireann Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir leis na constaicí agus na ceisteanna a bhíonn roimh dhaoine a bhfuil deacrachtaí liteartachta acu agus roimh dhaoine ó chúlra difriúla cultúrtha agus iad ag iarraidh teacht ar sheirbhísí.

D'éascaigh C&E forbairt Phlean Inmheánach Cuimsithe Shóisialta agus ghlac sé páirt ar an bhFoireann Gníomhaíochta Comhionannais.

Ghlac C&E páirt iomlán sa Chóras Forbartha um Bhainistíocht Feidhmíochta (PMDS) agus cuireadh PDPanna i gcrích do gach ball foirne ag tús 2007. Cuireadh an TDP 2008 i gcrích ag deireadh 2007.

Ghlac foireann i C&E páirt i ndeiseanna forbartha agus oiliúna lenar áiríodh: Bithéagsúlacht, Agresso, Teastas i Staidéir Rialtais Áitiúil, an Clár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil agus seimineáir chuí eolais eile.

An Rannóg Pleanála

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as polasaí talamhúsáide, as rialú forbartha lena n-áirítear cosaint na hoidhreachta nádúrtha tógtha agus as conláiste na Comhairle.

Cuirtear polasaí talamhúsáide i bhfeidhm trí mheán Phleananna Forbartha Baile agus Tuaithe, Phleananna Limistéir Áitiúil, agus Phleananna Sráidbhaile agus Sráide.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach an treocht i líon na n-iarratas pleanála a fuarthas agus a ndearna an Chomhairle cinneadh futhú sna cúig bliana a chuaigh thart.

Bliain	Líon na nIarratas	Líon a Ceadaíodh	Líon a diúltaíodh	Líon a ndearnadh cinneadh orthu
2003	1486*	748	238	986
2004	1828*	891	273	1165
2005	1462*	859	217	1055
2006	1894*	1120	212	1332
2007	1785*	1421	250	1671

(*Airítear san fhigiúr seo iarratais a bhí neamhbhailí)

Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha/Cruinnithe Limistéir

San iomlán bhí 11 cruinniú den Choiste Polasaí Straitéisigh um Phleanáil agus Fhorbairt Eacnamaíoch ann i 2007. Sa choiste seo tá 6 bhall de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus 5 bhall den phobal lena n-áirítear na rannóga Ceardchumann, Gnó/Tráchtála, Turasóireachta agus Tamhlaíochta/Feirmeoireachta.

Athruithe ar Phlean Forbartha Chontae Uíbh Fhailí 2003-2009

Rinneadh na hAthruithe seo ar Phlean Forbartha an Chontae 2003-2009 i 2007.

Athrú Uimh 6

- Pleananna Sráidbhaile le haghaidh Cionn Eitigh, Muine Gall & Raithean
- Pleananna 'Sráide' le haghaidh Bhaile Mhic Ádaim, Cláirín agus Ros Corcra Mrua

Glactha le ar an 19 Feabhra 2007

Athrú Uimh 7

- Leasaigh an t-athrú seo tábla 20 ina bhfuil riachtanais pháirceála le haghaidh ranganna áirithe forbartha.

Glactha le ar an 15 Eanáir 2007

Athrú Uimh 8

- Pleananna 'Sráide' le haghaidh Bóthair, Búra-An Liath Beag, Cluain Fionnlocha, an Dún, An Chúirt, Coill Uí Leannáin, Rath.

Glactha le ar an 19 Feabhra 2007

Athrú Uimh 9

- Pleananna Sráidbhaile le haghaidh Géisill, Cill Aichidh & an Muclach

Glactha le ar an 17 Meán Fómhair 2007

Scéim Athnuachana Baile 2000

Áirítear na bailte seo a leanas sa Scéim Athnuachana Baile, 2000:

An Beannchar
An Féar Bán
Éadan Doire
Clóirtheach

Tá sé mar aidhm lárnach ag an scéim seo athchóiriú, comhdhlúthú agus feabhsú a chur i bhfeidhm ar fhabraic thógtha bhailte na hÉireann, chun inlíonadh tuisceanach a chur chun cinn agus, lena linn, lárionaid na mbailte beaga a athbheochan. Áirítear idir réadmhaoin chónaithe agus thráchtála de réir na scéime seo, atá sínte chuig 31 Iúil 2008.

Clár Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile 2000-2006

De réir na scéime seo, tugadh faoi oibriúcháin feabhsúcháin chomhshaoil sna bailte seo a leanas i 2007:

Áit	Tionscadal
Géisill	Ag cruthú pointe fhócaseaigh ag páirc chonláiste lena n-áireofar feabhsúcháin ar an limistéar leagan síos/picnic le crainn, tírdhreachú agus suíocháin.
An Tulach Mhór	Feabhsúcháin chomhshaoil chun páirc an bhaile agus an limistéar thart ar an abhainn a mhéadú trí shoilsiú poiblí, troscán sráide, tírdhreachú, obair chloiche, ráillí maiseacha agus oibriúcháin dhromchla a thabhairt isteach

Áiríodh i scéim na bliana seo Cáblaí BSL Lasnairde a chur faoi thalamh ag Clóirtheach, Cill Chormaic, Éadan Doire agus Biorra.

Deontais Chaomhnaithe

I 2007, d'fhorchúitigh Comhairle Contae Uíbh Fhailí €116,00 de chúnamh deontais ón Roinn Comshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Leithdháileadh deontais idir €1,500 agus €16,000 ar 15 iarratasóir de réir cómhaoinithe 50% de chostas na n-oibriúchán.

Forfheidhmiú

De réir Chuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbartha 2000, baineann na sonraí seo a leanas le himeachtaí forfheidhmithe i 2007:

Litreacha Rabhaidh:	171
Fógraí Forfheidhmithe:	94
Cásanna Cúirte Cuarda	0
Ionchúisimh:	35

Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Tugadh an Scéim Ranníocaíochta Forbartha chun dáta in Eanáir 2007 de réir an Innéics Mhórdhíola Phraghais le haghaidh Tógála agus Foirgníochta a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh. Déanann sé soláthar do ranníocaíochtaí maidir lena leanas:

Tábla 1 - Leibhéal Ranníocaíochta - Cónaitheach & Tionsclaíoch/Forbairt Tráchtála

	Rang Bonneagair	€ an tAonad Cónaithe	€ an m ² d'achar talún forbairt thionsclaíoch/tráchtála
A	Spásanna Oscailte, áiseanna Cultúrtha, áineasa agus pobail, conláistí agus oibríthe tírdhreachaithe, feabhsúchán baile agus sráidbhaile - lena n-áirítear sealbhú talún	€590	€8.60
B	Bóithre, páirceáil, Bonneagar chun iompar poiblí a éascú, áiseanna do rothaithe agus do choisithe agus bearta ceansaithe tráchtála - agus sealbhú talún san áireamh.	€590	€12.90
C	Wastewater treatment facilities, sewers and drains - including land acquisition. Áiseanna cóireála fuiolluisce, séaraigh agus draenacha - agus sealbhú talún	€2360	€7.00

	san áireamh.		
D	Áiseanna cóireála Uisce & Príomhphíobáin Uisce - agus sealbhú talún san áireamh.	€1760	€7.00
	<u>IOMLÁN</u>	€5300	€35.50

Nóta A: Achar Urláir

Áireofar achar urláir na forbartha molta mar ollachar an urláir. Ciallaíonn sé seo an t-ollachar urláir a dheimhnítear ó thoise seachtrach na bhfoirgneamh molta, agus ollchar talúin gach urláir agus idirurláir san áireamh.

Nóta B: Úsáid Seirbhíse

Ní bhaineann ranníocaíochtaí maidir le C & D ach le forbairtí atá ag baint úsáide as seirbhísí bonneagair atá nó a bheidh ar fáil.

Nóta C: Polasaí Praghsála Seirbhísí Uisce

Déanann polasaí praghsála seirbhísí uisce an Rialtais soláthar le haghaidh ghnóthú imeallchostas caipitil seirbhísí uisce: ón ghnáthchustaiméir teaghlach ar bhonn costas comhthathaithe meadarthomhaiste ag baint úsáide as prionsabal uisce isteach/uisce amach nó trí chonarthaí aonair le custaiméirí suntasacha, agus go ginearálta, níos mó; agus le haghaidh forbairt chónaithe trí ranníocaíochtaí forbartha. Toibheofar forbairt tráchtála/thionsclaíoch le haghaidh uisce agus fuíolluisce ag na rátaí thuas ach sin ag brath ar chur i bhfeidhm iomlán an pholasaí praghsála seirbhísí uisce.

Tábla 2 - Leibhéal Ranníocaíochtaí - Catagóirí Eile Forbartha

	Catagóir	Méid na Ranníocaíochta
A	Easnamh i soláthar spáis pháirceála : (i) Uirbeach (ii) Tuaithe	€4,700 an spás €2,360 an spás
B	Easnamh i soláthar spáis oscailte (i) Uirbeach (ii) Tuaithe	Ranníocaíocht Speisialta Ranníocaíocht Speisialta
C	Forbairt Tamhlaíochta	<500m ² = náid 500 m ² - 1000 m ² = €2.70 an M ²

		> 1000 m ² = €5.90 an M ²
D	Foraoisiú tosaigh/Athsholáthar foraoise leathanduilleogaí le speiceas buaircíneach/baint móna	€590 an heicteár d'achar láithreáin, nuair a bhíonn cead pleanála de dhíth
E	Úsáid talún le haghaidh: (a) baint agus oibriú mianraí (b) deascán bruscair nó dramhaíola	€1,180 an 0.1 heicteár d'achar limistéir faoi réir mhiontáille €11,760
F	Stóráil agus Ollstóráil (ní le haghaidh miondíola)	€17.80 an M ²
G	Galf/Galf dhá mhaide	Ranníocaíocht Speisialta
H	WindfarmsFeirmeacha Gaoithe	Ranníocaíocht Speisialta
I	Linnte Snámha	Ranníocaíocht Speisialta

Nóta A: Easnamh i Soláthar Spásanna Páirceála/Spáis Oscailte

Tagraíonn an téarma uirbeach sa chás seo do Phurláin na Tulaí Móire, Purláin Bhiorra agus Éadan Dhoire agus Purláin Boundary .

Le linn 2007, fuarthas ranníocaíochtaí forbartha de €5,364,328 san iomlán.

	Údaráis Áitiúla Uíbh Fhailí	
	TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE	
P:	Pleanáil agus Rialú Tógála	
P.1	<i>Iarratais Phleanála - Cinnteoireacht</i>	
	Líon iarratasóirí a cinntíodh faoi choinne tithe aonair	669
	(% of iarratais) chomhlíonta a cinntíodh taobh istigh de 8 seachtaine le haghaidh tithe aonair	45.5%
	líon a raibh tuilleadh eolais de dhíth futhú	363
	líon lenar aontaíodh síneadh ama	0
	Meánfhad ama a glacadh le hiarratas a chinntiú ina mbíonn tuilleadh eolais a dhíth faoi choinne tithe aonair	73.64 lá
	% deontas le haghaidh tithe aonair	79.22%

% diúltaithe le haghaidh tithe aonair	20.78%
% de chásanna inar cinntíodh an cinneadh le nó gan éagsúlacht ag an mBord Pleanála le haghaidh tithe aonair	43.48%
(% de chásanna inar éagsúlaigh An Bord Pleanála cinnte le haghaidh tithe aonair)	5.2%
% de chásanna ina ndearna An Bord Pleanála athchomhairle ar an gcinneadh faoi choinne tithe aonair	56.52
Líon iarratas a cinntíodh faoi choinne forbairt tithíochta	106
(% of iarratais) chomhlíonta a cinntíodh taobh istigh de 8 seachtaine le haghaidh forbairt tithíochta	54.7% 58 no.
líon a raibh tuilleadh eolais de dhíth futhú	48
líon lenar aontaíodh síneadh ama	0
Meánfhad ama a glacadh le hiarratas a chinntiú ina mbíonn tuilleadh eolais a dhíth faoi choinne forbairt tithíochta	79.83 days
% deontas le haghaidh forbairt tithíochta	52.83%
% diúltaithe le haghaidh forbairt tithíochta	47.17%
% de chásanna inar cinntíodh an cinneadh le nó gan éagsúlacht ag an mBord Pleanála le haghaidh forbairt tithíochta	70%
(% de chásanna inar éagsúlaigh An Bord Pleanála cinnte le haghaidh forbairt tithíochta)	8.8%
% de chásanna ina ndearna An Bord Pleanála athchomhairle ar an gcinneadh faoi choinne forbairt tithíochta	30%
Líon na n-iarratas a cinntíodh le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	881
(% of iarratais) chomhlíonta a cinntíodh taobh istigh de 8 seachtaine le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	71% 626 no.
líon a raibh tuilleadh eolais de dhíth futhú	255
líon lenar aontaíodh síneadh ama	0
Meánfhad ama a glacadh le hiarratas a chinntiú ina mbíonn tuilleadh eolais a dhíth faoi choinne catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	74.22 days
% deontas le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	93.19%
% diúltaithe le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	6.81%
% de chásanna inar cinntíodh an cinneadh le nó gan éagsúlacht ag an mBord Pleanála le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	73.68%

	(% de chásanna inar éagsúlaigh An Bord Pleanála cinneadh le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach)	19.3%
	% de chásanna ina ndearna An Bord Pleanála athchomhairle ar an gcinneadh faoi choinne catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	26.32%
	Líon na n-iarratas a cinntíodh le haghaidh catagóirí eile: EIA riachtanach	15
	(% of iarratais) chomhlíonta a cinntíodh taobh istigh de 8 seachtaine le haghaidh catagóirí eile: EIA riachtanach	53.3% 8 no.
	líon a raibh tuilleadh eolais de dhíth futhú	7
	líon lenar aontaíodh síneadh ama	0
	Meánfhad ama a glacadh le hiarratas a chinntiú ina mbíonn tuilleadh eolais a dhíth faoi choinne catagóirí eile: EIA riachtanach	78.86 days
	% deontas le haghaidh catagóirí eile: EIA riachtanach	93.33%
	% diúltaithe le haghaidh catagóirí eile: nach bhfuil EIA riachtanach	6.67%
	% de chásanna inar cinntíodh an cinneadh le nó gan éagsúlacht ag an mBord Pleanála le haghaidh catagóirí eile: EIA riachtanach	33.33%
	(% de chásanna inar éagsúlaigh An Bord Pleanála cinneadh le haghaidh catagóirí eile: EIA riachtanach)	-
	% de chásanna ina ndearna An Bord Pleanála athchomhairle ar an gcinneadh faoi choinne catagóirí eile: EIA riachtanach	66.67%
P.2	<i>Forfheidhmiú Pleanála</i>	
	Líon na gcásanna faoi réir gearán a ndéantar iniúchadh orthu	129
	Líon iomlán cásanna faoi réir gearán a dhíbhtear	24
	réitithe le hidirbheartaíochtaí	48
	Líon na ngáthamh forfheidhmithe a chuirtear i ngníomh le litreacha rabhaidh	119
	Líon na ngáthamh forfheidhmithe a chuirtear i ngníomh le fógraí forfheidhmithe	73
	Líon na n-ionchúiseamh	35
P.3	Meánlíon na n-uaireanta oscailte poiblí gach seachtain	23.45
	líon na gcruinnithe réamhpleanála comhairliúcháin	474
P.4	Meánfhad ama ó chuirtear iarratas isteach le haghaidh comhairliúcháin leis an bpleanálaí údaráis áitiúil go fíorchruinniú foirmeálta le haghaidh comhairliúchán réamhpleanála	12

OIDHREACTH

I gcomhthéacs an Achta Oidhreachta, 1995, meastar go gcuimsíonn an téarma oidhreacht séadchomhartha, réada oidhreachta, oidhreacht ailtíreachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raicí, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna agus uiscebhealaí intíre.

Ba é 2007 an chéad bhliain de Phlean Oidhreachta Uíbh Fhailí 2007-2011. Seoladh an dara plean seo oidhreachta san earrach agus is clár oibre 5 bliana atá ann. Tá cur i bhfeidhm an Phlean mar phríomhcheann tiomána do chlár oibre na hoifige oidhreachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Fhoráim Oidhreachta as a gcuidiú i rith na bliana. Is mór againn tacaíocht na Comhairle Oidhreachta i leith an phoist mar oifigeach forbartha agus is mór againn chomh maith cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta.

Is éard atá sa mhéid a leanas ná achoimre ar na príomhthionscadail a cuireadh i bhfeidhm i 2007. Ar a bharr sin, caitheadh cuid mhór ama ar thionscadail tithíochta agus i ndul i gcomhairle le pobail ag cuidi leo tionscadail a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú. Le tuilleadh eolais a fháil cuir scairt ar an oifig ar - 057 9346839 nó tabhair cuairt ar www.offaly.ie/offalyheritage.

1. Seoladh Phlean Oidhreachta Uíbh Fhailí 2007-2011

2. Caisleáin

(a) Leabhar Uíbh Fhailí

Tá an tsuirbhéireacht beagnach réidh.

Tá taighde agus ordú íomhánna ag dul ar aghaidh.

Tá grianghrafadóireacht 99% réidh.

Rinneadh sé phictiúr atógtha a choimisiniú agus ullmhaíodh dréachtanna.

D'aontaigh an RO ar 50% den leabhar a mhaoiniú.

(b) Scanadh ar Chaisleáin

Thug Gridpoint Solutions faoi 3ú scanadh léasair de Dhún Gair, de Bhéal Átha Uí Mhaonaigh, de Bhaile Mhic Comhainn, de Mhainistir Fheorais, de Chluain Mhic Nóis, den Eiscir agus de Bhaile an Locha.

3. Oiliúint Bithéagsúlachta

Thug Woodrow Wildlife faoi oiliúint a chur ar fhoireann uile na comhairle i nDeireadh Fómhair. Fuair an fhoireann ar fad oiliúint i gceann nó i níos mó ná ceann de na gnéithe seo a leanas:

Inteoir chuig bithéagsúlacht, oiliúint dhírithe theicniúil agus oiliúint i measúnachtaí éiceolaíochta.

4. Seoladh Tuarascála faoi Stádas an Fhiadhúlra

Bhí an seoladh ann ar an Máirt 8 Bealtaine 2007 i dTeach an Liath agus bhí beagnach 60 i láthair. Ba é John Feehan a sheol an tuarascáil agus sheol sé Cumann Allamuigh Nádúraithe Uíbh Fhailí. Scaipeadh iad beirt go forleathan ó shin.

5. Scoil Samhraidh Bithéagsúlachta - Plandaí Téama agus Feithidí

Bhí an scoil samhraidh ann ón Luan 2 Iúil chuig an Aoine 6 Iúil le 20 rannpháirtí áitiúla. Ba é John Feehan a bhí i gceannas air le cúnamh ó Fhóram Oidhreachta Uíbh Fhailí agus baill den Chumann Allamuigh saor in aisce.

6. Suirbhé ar Dhroichid le haghaidh sciathan leathair agus éan.

Roghnáodh droichid i gceantar Shliabh Bladhma. Thug Birdwatch Ireland faoin suirbhé ar na h-éin agus thug Brian Keely faoin suirbhé ar sciathain leathair. Cuireadh an tuarascáil isteach i nDeireadh Fómhair 2007.

7. Plean Caomhnaithe le haghaidh Láithreán Mhainistir Raithin

Tá Howley Hayes Architects ag tabhairt faoin tionscadal seo. Thug Caimin O'Brien an t-eolas seandálaíochta isteach. Labhair an tOifigeach Oidhreachta le CCB Pharóistí Eaglais na hÉireann na Tulaí Móire chun iad a thabhairt chun dáta ar an tionscadal. Ar an Aoine 4 Bealtaine bhí cruinnithe ar an láithreán seo le geallsealbhóirí. Bhí cruinniú poiblí chun dul chun cinn a thuairisciú agus chun dearcadh an phobail a chluinstin ar an Luan 14 Bealtaine - Lá Fhéile Carthage, i ndiaidh seirbhís traschreidmheach. Beidh an plean deireanach ag dul chun cló i 2008.

8. Taifid Bhéaloidis

I mbliana bhí fócas ar an oidhrecht thionsclaíoch agus béim ar Salts, Tullamore Dew agus Goodbody's i gClóirtheach. Is é Mauric O'Keefe a thug faoin obair. Rinneadh taifeadadh agus eagarthóireacht ar 72 uair an chloig. Seolfar dé hAoine an 31 Lúnasa é le linn Seachtain Oidhreachta 2007.

9. Grúpaí Tacaíochta Pobail ag Tabhairt faoi Thionscadail

- Ag obair le Cumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fhailí ar chaomhnú Theach Caibidle na Príoireachta a théann siar chuig na 1300 i gCill Éich, ar le Ken agus Janet Mathews é. Rinneadh socruithe le go scríobhfadh Margaret Quinlan, ailtíre, tuarascáil. Tá tuarascáil réidh ar sciathain leathair.
- Cumann Oidhreachta Shuí an Róin - D'fhreastail ar cruinniú láithreáin chun príorachtaí a aithint le haghaidh oibre sa cheantar. Is é an chéad phríoracht ná chun bord mínithe a ullmhú le haghaidh láithreán mhainistir Chill Chuimín. Tá dréacht-théacs ullmhaithe, eagraithe agus curtha chuig an gcumann le haghaidh tuairime. D'fhreastail ar cruinniú le cineálacha comharthaí agus maoiniú a phlé.
- Tionscadal Béaloidis Chlóirtheach - Márta - tháinig le chéile chun dul chun cinn agus treoir a phlé.
- Comhairle a chur ar an Eaglais Mhodhach faoi chúram a thabhairt d'fhoirgnimh ar Shráid na hEaglaise.
- Bhuail le Baile Slachtmhara Bhaile Mhic Ádaim le painéal mínithe le haghaidh na sráidbhaile a phlé. Chuir dréachtphainéal le chéile.
- Bhuail le Helen Hanlon ó Choiste na hEaglaise Chill Bhríde chun caomhnú na heaglaise céanna a phlé.
- Chuir comhairle ar fáil do Bheistrí Eaglais na hÉireann in Éadan Doire atá ag obair ar chaomhnú dhealbh an Tiarna Downshire atá damáiste.
- D'eagraigh go gcuirfeadh Finola Reid, comhairleoir ar thírdhreach stairiúil, tuarascáil le chéile a chuirfeadh comhairle ar Bhailte Slachtmhara Géisille faoi thionscadail chuí.
- Grúpa oibre Chill Eochaidh le dul i mbun pleanála le haghaidh na chéad céime eile de chaomhnú na heaglaise meánaoisí.
- Thug cuairt ar Chill Chuimín, An Tarbh Dubh, le comhairle a chur ar fáil faoi chúram na reilige agus na heaglaise meánaoisí.
- Thug cuairt ar Theach Daingnithe an Bhaile Nua le Seandálaí agus Ailtíre na Roinne chun roinnt féidearthachtaí a iniúchadh le haghaidh caomhnaithe/athchóirithe.
- Ag obair le grúpa bainistíochta Lámhacáin leis an bPlean Caomhnaithe a chur i bhfeidhm. Tá bord eolais á ullmhú i 2007 le deontas ón gComhairle Oidhreachta. Ag ullmhú boird den chineál chéanna le haghaidh láithreán mhainistir Ráth Lithean.

10. Ócáidí comhordnaithe le haghaidh Lá Bithéagsúlachta agus Oidhreachta

Rinneadh an lá bithéagsúlachta a cheiliúradh mar chuid de chlár an Chumainn Allamuigh. Comhordú ócáidí le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta.

11. Óst-seimineár bliantúil

Seimineár Oidhreachta Uíbh Fhailí a bhí ann san fhómhar 2007

12. Cuir áiteanna Luachmhara ar fáil

Seoladh é seo ar an 1 Bealtaine 2007. D'aontaigh Comhshaol ar íoc as seo óna bhuiséad féin. Cuireadh 21 lonnaíocht isteach agus rinne Jack Carter breithiúnas orthu.

13. Tabhair faoi thaighde Geofisiceach ar Láithreáin ar a bhfuil Mainistreacha

Fuarthas deontas de €6,000 ón gComhairle Oidhreachta ar son oibre ag Raithean. Thug Paul Gibson faoin obair pháirce agus faoi phróiseáil na sonraí. Cuireadh tuarascáil isteach.

14. Cuidigh le Rannóga OCC

- Inchur ar Phlean Forbartha an Chontae agus LAPanna - ar lean.
- Tá plean caomhnaithe le haghaidh Caisleán Blundell in Éadan Doire istigh. Ofráladh deontas €11,000 ó dheontais RO - tharla cuairt ar an láithreán leis an Roinn chun oibríthe cuí a phlé.
- Chuir Finola Reid, comhairleoir ar thírdhreach stairiúil, tuairisciú ar thírdhreachú ag Sygnefield i mBiorra i gcrích. D'oibrigh le Michael Roche ar shuirbhéanna seandálaíochta, srl. Ag ullmhú sonraíochtaí le haghaidh chaomhnú na ngeataí ag Sygnefield ar leis an OCC iad. Ag cuidiú leis an gComhshaol le comhairle a chur ar fáil don Iarionad athchúrsála ar láithreán.
- Cuireadh Plean Caomhnaithe le haghaidh eaglais Chill Mhóchonna i gcrích.
- Ullmhaíodh agus cuireadh isteach deontas le haghaidh maoinithe ó Bhord Fáilte le haghaidh '50 láithreán le feiceáil in Uíbh Fhailí'.
- Ullmhú painéal eolais le haghaidh Pollóige agus Géisille de réir na gclár Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile.
- Athbhreithniú ar Staidéar Uiscebhealaí 2002 leis an gComhairle Oidhreachta
- Agallaimh le haghaidh thionscadal réimse poiblí Chuan na Sionáinne.

- Cáipéis ullmhaithe le haghaidh Chomhairlí Uíbh Fhailí/Thuaisceart Thiobraid Árann ar láithreáin oidhreachta i mBiorra.

Déantáin i mbailiúchán na hIarmlainne Náisiúnta ó Uíbh Fhailí

Rinneadh tuilleadh oibre a choimisiúnú chun an iniúchadh ar dhéantáin seandálaíochta a mhéadú san Iarmlann Náisiúnta ionas go mbeidh an rannóg ealaíona agus tionsclaíochta san áireamh. Tá Jackie McDermot ag tabhairt faoin obair seo faoi láthair agus ba chóir go mbeadh sé réidh faoi mhí Iúil.

Aighneacht '50 láithreán' chuig Bord Fáilte le haghaidh maoiniú turasóireachta

Uiscebhealaí Éireann - Léarscáileanna de Chuid de Mhórchanáil Uíbh Fhailí 1807

Rinneadh cóip amháin agus ceanglaíodh é le haghaidh na seirbhíse Leabharlainne.

Tá an seoladh á phleanáil leis an tSeirbhís Leabharlainne don Déardaoin 30 Lúnasa le linn na Seachtaine Oidhreachta.

Láithreán Gréasáin

Tugtar an láithreán chun dáta ar bhonn leanúnach.

Seoladh Taispeántais Ghrianghraf agus Scéalta - Eanáir 07

Seoladh Phlean Caomhnaithe Lámhacáin - Eanáir 07

Rannóg an Chomhshaoil

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as réimse leathan feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad seo a leanas na príomhranna atá sa Rannóg:

1. Bainistíocht Dramhaíola.
2. Bainistíocht Bruscair.
3. Rialú Truaillithe agus Caighdeán Uisce.
4. Láithreáin bhánaithe agus Foirgnimh Chontúirteacha.
5. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair
6. Seirbhísí Tréidlia
7. Tástáil Shíothlaithe.
8. Úirleachais.
9. Sábháilteacht Uisce.

1. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Mar Údarás le haghaidh chur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí^[1] an Lár-Réigiúin 2005-2010, déanann Comhairle Contae Uíbh Fhailí comhordú ar gach cleachtas bainistíochta dramhaíola sa Réigiún.

Leagann an Plean amach spriocanna soiléire agus uailmhianacha ina bhfuil cur chuige comhtháite i leith bainistíochta dramhaíola thar thréimhse 15 go 20 bliain. Tá ár straitéis sa todhchaí bunaithe ar an gcliarlathas dramhaíola i.e. seachaint, athúsáid, athchúrsáil agus athshaothrú fuinnimh atá níos tábhachtaí ná ró-úsáid diúscairt líonta talún. Is iad na spriocanna fadtéarmacha atá againn le haghaidh 2013 ná rátaí a aimsiú le haghaidh na gcomhshruthanna dramhaíola ó thithe, ó chúrsaí tráchtála agus tionsclaíocha, agus ó chúrsaí foirgníochta agus ó chúrsaí scartála de:

Athchúrsáil 46% Athshaothrú Fuinnimh 37% Diúscairt Líonta Talún 17%

^[1] Comhairlí Contae Laoise, Thiobraid Árann Thuaidh, na hIarmhí, an Longfoirt agus Uíbh Fhailí

I measc buaicphointí eile an Phlean tá:

- Soláthar boscaí donna bruscair le haghaidh dramhaíola orgánaí ó thithe agus ó ghnólachtaí
- Íoslachdú dramhaíola foirgníochta & scartála
- Ag scrúdú na hinmharthanachta tráchtála agus lonnú ionad dramhaíola go fuinneamh le haghaidh an Réigiúin
- Feachtais eolais tuisceana chun dramhaíl a laghdú sa bhaile agus ar obair.
- Tuilleadh infheistíochta i dtionscnamh athchúrsála msh. Áiseanna Conláiste Cathartha, Banc Charthanachta agus síneadh athchúrsáil thirim teaghlaigh
-

Próiseálann an Rannóg iarratais ar Cheadúnais Bhailithe Dramhaíola le haghaidh an réigiúin. Go dtí seo, fuarthas 566 san iomlán, agus ceadaíodh 467 acu. Tá sé mar dhualgas aige athbhreithniú a dhéanamh ar na Tuarascálacha Bliantúla Comhshaoil a chuirtear isteach maidir le "gluaiseachtaí dramhaíola". Déanann an Rannóg comhordú fosta ar fhorfheidhmiú dramhaíola sa réigiún i gcomhairle leis an nGréasán Forfheidhmithe GCC agus bíonn páirt lárnach aige i gcur i bhfeidhm na rialachán áirithe.

Tá dul chun cinn suntasach déanta sna limistéir seo a leanas i 2007: -

- **Líonadh Talún Doire Cluathar:** - Tá dramhaíl á deascadh sa síneadh úr a chosnaigh breis agus €4m, agus a cuireadh i gcrích i 2006. Chríochnaigh muid fosta Athchóiriú agus Caidhpeáil ar an seanchill líonta talún neamhlínithe ag Doire Cluathas ar chostas a mheastar ag €5.5 milliún.
- **Láithreáin Chonláiste Cathartha:**- Leanaimid de chinntiú a dhéanamh de chur i bhfeidhm na n-áiseanna i dTulach Mhór agus in Éadan Doire ar an gcaighdeán is fearr againn. Cuireadh áis eile i gcríoch i 2007.
- **Banc Charthanachta Athchúrsála:** - Tá 47 banc carthanachta san iomlán anois i bhfeidhm ar fud na tíre.

- **Líonta stairiúla talún:** - Chuir an Chomhairle le chéile liosta de na líonta stairiúla talún ar fud na tíre. Molaimid anois tabhairt faoi mheasúnacht riosca ar gach láithreán leis an ngníomhaíocht is fóirsteanáil leis na láithreáin seo a láimhseáil a chinntiú.
- **Forfheidhmiú Dramhaíola:** - Tá foireann de naonár ag obair ag an gComhairle a bhfuil baint acu le Forfheidhmiú Dramhaíola, lena n-áirítear ceathrar maor bruscair. Cuireann siad ar fáil láithreach éifeachtach agus infheicthe ar fáil le dul i ngleic le, a bhfuil baint ag an bhfoireann ar talamh agus ar dualgas iar-ama leis. I gcomhairle le hOifig GCC Forfheidhmithe Comhshaoil agus An Garda Síochána, socraíodh sraithe de sheicphointí bóthair le linn 2007, le seiceáil a dhéanamh ar ghluaiseachtaí mídhleathacha dramhaíola.
- Riarann an Chomhairle foréileamh táirgeoirí/dáileoirí/miondíoltóirí maidir le glacadh ar ais saor in aisce Feithiclí ag Deireadh an tSaoil (ELVanna) agus Trealamh Dramhaíola Leictreonaí agus Leictrí (prionsabal fhreagracht an táirgeora)
- **Rialacháin Phacáistithe:** - Leanann an Chomhairle d'iniúchadh a dhéanamh ar mhórháirgeoirí Dramhaíola Pacáistithe chun measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le Rialacháin Phacáistithe. Roghnaigh cuideachta amháin féinchlárú leis an gComhairle. Tá an chuid eile de na táirgeoirí ina mbaill de REPAK.

2. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Lean Comhairle Contae Uíbh Fhailí dá chur chuige ilchineálach a chur i bhfeidhm maidir le dul i ngleic le fadhb caite bruscair gan aird ar fud an chontae. Glacadh le tuiscint, forfheidhmiú agus bearta eile chun athruithe iompair a chur chun cinn i ngach cuid de phobal maidir leis an dearcadh faoi bhruscar a chaitheamh agus dumpáil mhídhleathacht. Bhí na ceathrar maor bruscair ag obair go gníomhach i bhforfheidhmiú soláthar an Achta Truailithe Bhruscair msh., ag imscrúdú gearán faoi bhruscar, feithiclí caite i leataobh, dóú clóis chúil, srl. I 2007 tugadh 121 gearán do na Maor Bhruscair agus socraíodh nó cuireadh deireadh leo uile le linn na tréimhse seo. D'eisigh foireann na Comhairle 205 pionós ar an láithreán i 2007.

I 2007, thosaigh an Chomhairle ar Athbhreithniú Reachtúil ar a Plean Bainistíochta Dramhaíola.

D'oibrigh Roinn Comhshaoil na Comhairle lámh ar lámh leis na Ceantair chun roinnt siocracha móra bruscair a dhíothú ar fud an chontae.

3. RIALÚ TRUAILLITHE AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA UISCE

Tá an Fhoireann Rialaithe Truailithe freagrach as cur i bhfeidhm Reachtaíocht Chomhshaoil sna limistéir a leanas: aer, uisce, torann agus núis. Tá ról ginearálta aige chomh maith maidir le monatóireacht an chaighdeáin uisce agus bainistíochta. I measc na ngníomhaíochtaí ar leith a dtugann an rannóg futhú tá imscrúdú ar eachtraí truailithe uisce, ceadúnú doirte chuig uiscí agus séaraigh, ceadúnú astúchán suntasach chuig aer, monatóireacht ar ionaid uirbeacha coiréala fuíolluisce, aibhneacha agus lochanna.

- ***Truailiú Uisce agus na Rialacháin Fosfúrach, 1998:*** - Imní mór is ea Truailiú Uisce in Uíbh Fhailí. Dá bhrí sin, tá bunús obair na Foirne Rialaithe Truailithe tiomnaithe don ábhar seo. Ní rangáítear ach 37% de na haibhneacha i gContae Uíbh Fhailí mar neamhthruailithe, i gcomparáid le figiúr náisiúnta de 70%. Ar a bharr sin tá aibhneacha na Tulaí Móire, Bhaile Philib agus An Fhiodh Gheal ar na haibhneacha is mó truailiú i dtéarmaí ualaithe fosfair. De réir na Rialachán Fosfúrach, 1998, tá sé de dhualgas ar an gComhairle feabhas suntasach a bhaint amach i gcaighdeán uisce na haibhne. Chuige seo, bhunaigh an Chomhairle foireann le tabhairt faoi chlár cuimsitheach cigireachta ar fheirmeacha.
- ***Teoir Creatlaí Uisce:*** - Tá trí phríomhchúis leis an treoir:
 1. Ardchaighdeán uisce a chaomhnú nuair is ann dó.
 2. Dearóiliú ar bith a chosc i stádas reatha na n-uiscí.
 3. Stádas maith ar a laghad a bhaint amach le haghaidh gach uisce faoi 2015.

Tá Éire roinnte in ocht gCeantar Abhantracha (RBDanna) a chlúdaíonn oileán iomlán na hÉireann, de réir Reachtaíocht nua an AE agus Comhshaoil na hÉireann. Tá baint ag Uíbh Fhailí le trí RBD,

an RBD Thoir, RBD an Oirdheiscirt agus RBD na Sionainne. Sroichfear buaic chéad chéim an tionscadail le foilsiú Dhréachtphlean Bainistíochta Abhantraí le haghaidh na gceantar i 2008.

Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i bhfeidhm an clár deartha monatóireachta ar aontaigh faoi de réir na Treorach Creatlaí Uisce le haghaidh gach uisce dromchla ina cheantar feidhmithe. Ghlacamar páirt i roinnt fóram comhairliúcháin phoiblí faoi impleachtaí na treorach.

4. LÁITHREÁIN BHÁNAITHE AGUS FOIRGNIMH CHONTÚIRTEACHA

Lean an Chomhairle de bhreis láithreán a aithint le cur ar an gClár, agus tugadh treoir d'úinéirí tabhairt faoi na hoibrithe riachtanacha ar siocracha móra bánaithe.

5. AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Lenár ndualgais a chomhlíonadh i limistéar na Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair, tá Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta fostaithe ag an gComhairle le comhairle a chur ar lucht bainistíochta agus ar an bhfoireann faoi cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta agus chun cultúr na Sláinte agus na Sábháilteachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Áirítear a leanas sa ról:

- Athbhreithniú ar bhainistíocht cheisteanna Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa taobh istigh d'Údarás Áitiúla Uíbh Fhailí, ag leibhéal corparáideach agus taobh istigh de gach rannóg oibriúcháin.
- Athbhreithniú agus tuairisc chun dáta ar Ráitis Sábháilteachta le haghaidh gach foirgneamh de chuid na Comhairle.
- Iniúchtaí Sábháilteachta/Cigireachtaí.
- Rannpháirtíocht i dTráth na gCeist NISO ar Shábháilteacht agus Eolas Ginearálta sa Lár-Réigiún.
- Rannpháirtíocht i Seachtain Sábháilteachta na hEorpa.

6. SEIRBHÍS TRÉIDLIACHTA

Tá soláthar seirbhísí maidir le ról na Comhairle mar Ghníomhaireacht don Údarás um Shábháilteacht Bhia ar phríomhdhualgais na Rannóige Tréidliachta. Maidir leis seo, déanann foireann na Comhairle de Chigirí Tréidliachta, chun comhlíonadh a chinntiú le reachtaíocht sábháilteachta bia agus sláinteachais, maoirseacht ar Sheamlais Thréchuir Ísil, Áiteanna Beaga Déanta Feola agus feithiclí gaolmhara bia ar fud na tíre. Rinneadh monatóireacht ar nósanna agus ar choinníollacha maidir le marú ainmhithe/leas ainmhithe in áitribh chéadúnaithe. I rith na bliana rinneadh 2304 eallach, 9561 caorach agus 201 muc a phróiseáil le haghaidh tomhaltas ag daoine i Seamlais Thréchuir Ísil i gContae Uíbh Fhailí/

- **Rialú Madraí**

Is é an ISPCA a chuireann Seirbhís Maor Madraí na Comhairle i bhfeidhm, agus cuireann sé an Maor Madraí ar fáil fosta. Chomh maith leis sin, cuireann an Chomhairle an Póna Madraí ar fáil, an feithicil agus an tOifigeach Tréidliachta.

I 2007, lean an Chomhairle de dhíriú ar bhailte nua a thabhairt do mhadraí fánacha nó ar mhadraí nach raibh de dhíth nuair ab fhéidir.

Dog owners purchased a total of 2,127 individual Dog Licenses during the past year. Lig Botháin Rialaithe Mhadraí 465 madra fánacha/nach raibh de dhíth isteach i rith na bliana. Uathu siúd, bhailigh úinéirí na madraí 49 acu, fuarthas baile nua do 110 madra agus cuireadh an chuid eile chun suain go buan.

- **Rialú Capall**

Níl saoráid ar bith ag an gComhairle le capaill a phónú agus baineann sé feidhm as seirbhís a chuireann Seirbhísí Údaráis Áitiúil ar fáil i gCill Chainnigh. De réir an Achta Rialaithe um Chapail, 1996, ghabh/phónaigh an Chomhairle 4 chapall i 2007. Ní ligtear capaill amach ach de réir Fodhlithe na Comhairle um Rialaithe Capall agus nuair a íoctar na táillí cuí.

7. TÁSTÁIL SÍOTHLAITHE

Tugtar faoi Thástáil Síothlaithe ar láithreáin le haghaidh tithe i gceantair tuaithe nach bhfuil séarachas ann mar nasc leis an bPróiseas Pleanála agus chomh maith leis sin i gcomhar le Rialú Truailithe a luaitear thuas.

Thug Rannóg an Chomhshaoil faoi 708 Tástáil Síothlaithe i 2007, agus áirítear san fhigiúr seo 78 athchuart ar láithreáin. I ndiaidh cead a fháil ó na Baill i lár 2006, tá foireann thiomnaithe anois ceaptha leis an tástáil uilie síothlaithe a láimhseáil. Mar thoradh air seo, táimid anois ag "tiontú" gach iarratas taobh istigh de thrí seachtaine ar an meán.

8. ÚIRLEACHAIS

Mar chuid dena phlean 5 bliana le haghaidh soláthar úirleachas nua agus fairsingiú na reiligí atá sa chontae cheana féin, ar ghlac baill na Comhairle leis i 2003, chríochnaigh an Chomhairle fairsingiú reiligí ag an Oileán, Raithean agus ag Éadan Doire le linn 2007.

9. SÁBHÁILTEACHT UISCE

• Linnte Snámha

I 2007 críochnaíodh an t-uasghrádú ar an linn snámha i mBiorra ar chostas €2.27 milliún, a bhfuil Comhairle Contae Uíbh Fhailí ag cur maoinithe de €280,000.00 ar fáil dó. Chur an Chomhairle aighneacht isteach chuig an Roinn Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa ag tacú le hiarratas Choiste Linn Snámha Bhorra le haghaidh maoinithe de €1.3 milliún chun an linn snámha ag Biorra a athchóiriú agus cheadaigh Roinn amhlaidh i 2005. Cheadaigh an Chomhairle fosta cúiteamh maoinithe de €500,000 faoi choinne na linne snámha nua i dTulach Mhór.

Cruinnithe an Choiste um Pholasáí Straitéiseach Comhshaoil (SPC)

Bhí ceithre chruinniú SPC ag an Rannóg Comhshaoil i 2007.

Le linn 2007, thug Comhairle Contae Uíbh Fhailí, mar chomhairle agus mar chúnamh airgeadais arbh fhiú €125,000.00 san iomlán é, tacaíocht do thionscnaimh chomhshaoil lena n-áirítear: Deontais Chomhshaoil,

Comórtais Eastát Slachtmhar, Deontais Frithbhruscair, Scoileanna Glasa,
Deontas Cláir Áitiúil 21, Deontais agus Feachtais Mheanchumarsáide.

<i>TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE</i>		2007
E: Seirbhísí Comhshaoil		
Bainistíocht Dramhaíola		
E.6	% de thithe ar tugadh bailiú scagtha dramhaíola dóibh	n/bh
E.7	% de dhramhaíl tithíochta a rinneadh a athchúrsáil	20.3 7
	Tonnáiste	
E.8	% de dhramhaíl tithíochta ag dul chuig líonadh talún	79.6 3
	Tonnáiste	
E.9	Líon láithreán le háiseanna athchúrsála le haghaidh gloine	47
	Líon láithreán conláiste Carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh gloine	3
	Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh gloine	50
	Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh gloine	4
	Tonnáiste dramhaíola a bailíodh le haghaidh gloine athchúrsála sa 5000 den phobal	87.5
	Líon láithreán carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh cannaí	47
	Líon láithreán conláiste Carthanachta le háiseanna athchúrsála	3
	Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh cannaí	50
	Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh cannaí	4
	Tonnáiste dramhaíola le haghaidh athchúrsáil canna sa 5000 den phobal	4
	Líon láithreán carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh teicstílí	6

Líon láithreán conláiste Cathartha le háiseanna athchúrsála le haghaidh teicstílí	2
Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh teicstílí	8
Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh teicstílí	0
Tonnáiste dramhaíola le haghaidh athchúrsáil teicstílí sa 5000 den phobal	10
Líon láithreán carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh ceallraí	0
Líon láithreán conláiste Cathartha le háiseanna athchúrsála le haghaidh ceallraí	2
Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh ceallraí	2
Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh ceallraí	0
Tonnáiste dramhaíola le haghaidh athchúrsáil ceallraí sa 5000 den phobal	0.14
Líon láithreán carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh olaí	0
Líon láithreán conláiste Cathartha le háiseanna athchúrsála le haghaidh olaí	2
Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh olaí	2
Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh olaí	0
Tonnáiste dramhaíola a bailíodh le haghaidh olaí athchúrsála sa 5000 den phobal	0.48
Líon láithreán carthanachta le háiseanna athchúrsála le haghaidh catagóirí eile	0
Líon láithreán conláiste Cathartha le háiseanna athchúrsála le haghaidh catagóirí eile	2
Líon iomlán áiseanna athchúrsála le haghaidh catagóirí eile	2

	Líon láithreán sa 5000 den phobal le háiseanna athchúrsála le haghaidh catagóirí eile	0
	Tonnáiste dramhaíola a bailíodh le catagóirí eile a athchúrsáil sa 5000 den phobal	4
Forfheidhmiú Comhshaoil agus Cosc Bruscair		
E.10	<i>Bruscar</i>	
	Líon iomlán de mhaoir lánaimseartha bruscair	4
	Líon iomlán de mhaoir pháirtaimseartha bruscair	1
	Líon maor bruscair (idir lánaimseartha agus páirtaimseartha) sa 5000 den phobal	0
	Líon fíneáil ar an láthair	205
	Líon na n-ionchúiseamh mar gheall ar easpa íocaíochta ar fhíneáil ar an láthair	11
	Líon na n-ionchúiseamh a deimhníodh	7
	% de na limistéir taobh istigh den údarás áitiúil nach bhfuil truaillithe (i.e saor ó bhruscar)	8
	% de limistéir taobh istigh den údarás áitiúil a bhfuil beagán bruscair ann	29
	% de limistéir taobh istigh den údarás áitiúil a bhfuil líon measartha bruscair ann	46
	% de limistéir taobh istigh den údarás áitiúil a bhfuil bruscar ann go suntasach	13
	% de limistéir taobh istigh den údarás áitiúil a bhfuil cuid mhór bruscair ann	4
E.11	<i>Gearáin faoin gComhshaoil agus Forfheidhmiú</i>	
	Líon iomlán cásanna atá faoi réir gearán maidir le truailliú comhshaoil (a bhaineann le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truaillí calláin, truailliú aeir)	285
	Líon na ngearán a ndearna iniúchadh orthu	285
	Líon na ngearán a caitheadh amach	20

	Líon na ngáthamh forfheidhmithe ar tugadh fúthu	255
E.12	% de na bunscoileanna atá ag glacadh páirte i bhfeachtais chomhshaoil	44%
	% de mheánscoileanna atá ag glacadh páirtte i bhfeachtais chomhshaoil	41%

Seirbhís Dóiteáin

Glaonna

Líon Glaonna	Líon Eachtraí	Líon Dóiteán	Líon Simléar	Líon R.T.A.nna
939	844	613 (agus 54 taobh d'Uíbh Fhailí san áireamh)	256 42% de dhóiteáin 27% de ghlaonna	138 14% de ghlaonna

Léirítear thuas na heachtraí ar fhreastail briogaidí dóiteáin Uíbh Fhailí orthu i 2007. Ní raibh méadú ar bith ar na heachtraí seo i gcomparáid le 2006. Is cosúil go bhfuil feabhas ag teacht maidir le seanfhadhb na ndóiteán simléir, agus cé nach raibh athrú ann anuraidh, tá titim de 10% le haghaidh 2007 ann. Cé go bhfuil taismí bóthair mar chuid suntasach de ghníomhaíocht an dóiteáin le blianta beaga anuas, tá titim de 4% i 2007, (ó 1 go 5 i 2006, go 1 go 7 i 2007).

Cé go raibh, agus go brónach ar an drochuair, roinnt básaithe agus drochghortaithe mar gheall ar thaismí bóthair, ní bhfuair duine ar bith bás mar gheall ar thinte i 2007. Leanann an tSeirbhís Dóiteáin de bheith ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Otharchairr (HSE), agus leis na Gardaí in oiliúint agus in ullmhú le haghaidh éigeandála, agus ghlac páirt iomlán i mórghníomhaíochta Bainistíochta Éigeandála ag an aerpháirc i mBiorra i mBealtaine na bliana seo caite.

Tionscadail Chaipitil

Críochnaíodh stáisiún dóiteáin Éadan Doire i 2007, agus tá an tseirbhís i bhfeidhm ann ón dara ráithe den bhliain. Críochnaíodh trealamh nua fosta i 2007, agus tá sé lonnaithe in Éadan Doire. Chuir Éadan Doire táiriscint éigeandála fosta, go príomha le haghaidh taismí bóthair, i bhfeidhm. Cheap an Contae Leaschigire le dualgas ar leith air le bheith ullmhaithe faoi choinne Móréigeandála, agus tá sé ag obair le comhghleacaithe i gcontaetha Lár na Tíre chun plan réigiúnach a fhorbairt.



Stáisiún Dóiteáin Bhiorra agus Trealamh Rang B ag Cabhsa Mhic Amhlaoidh, Biorra

Cosc dóiteáin

Tugann an tSeirbhís Dóiteáin faoi iniúchtaí go príomha faoi Acht na Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003, agus an tAcht um Fhoirgníocht 1990. Tugtar fúthu de réir na nAchtanna Pleanála, Acht na Hallaí Damhsa 1935, Acht na Cluichíochta agus Crannchur, Acht na bPléascán (Taispeántais Tinte Ealaíne agus Ceadúnais Ghunnaí), An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha (Stáisiúin Líonta), agus na hAchtanna Sláinte (tionóil le haghaidh drámaí agus ceolchoirmeacha).

Pleanáil: I 2007, rinneadh iniúchadh ar 346 áitreabh (méadú de 18% ar an mbliain seo caite) de réir na pleanála reachtaíochta (agus 15 le haghaidh Chomhairle Baile Bhiorra agus 52 le haghaidh Chomhairle Baile na Tulaí Móire san áireamh). Rinneadh 132 Teastas Sábháilteachta Dóiteáin a phróiseáil, laghdú de 14% ón mbliain seo caite.

Cuireadh Comhairle faoi dhóiteáin ar scoileanna, bainisteoirí tionóil agus ar an bhfoireann s'acu. Tugadh cuidiú fosta do bhainisteoirí foirgneamh tionscadail agus tráchtála agus tugadh cuidiú fosta don fhoireann gnáthaimh shábháilteachta a chur i bhfeidhm. Rug an tSeirbhís buntáiste fosta ar na "seimineáir" a bhí ann ag an gcéim aistrithe den tithíocht údaráis áitiúil chun teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin a thabhairt d'úinéirí nua tithe. Thángthas le chéile le Grúpaí Gníomhaíochta Pobail agus tugadh comhairle shábháilteachta.



Mórchleachtadh Éigeándála ag Aerpháirc Bhiorra, Bealtaine 2007

Iomlán Airgeadais 2007

Iomlán a caitheadh..... € 3,482,093
 Ioncam a tháinig isteach..... € ...181,105*
 Ioncam ó Theastais Sábháilteachta Dóiteáin
€.. 327,246

*Sonrasc curtha isteach = €412,556
 Tarscaoilte/díscríofa€13,685
 Gan íoc.....€217,765(53%)

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE: Le haqhaidh 2007		
	Seirbhís Dóiteáin	
E.3	Meánfhad ama, i mbomaití, leis na briogaid dóiteáin a shlógadh sna stáisiúin lánaimseartha	n/bh
	Meánfhad ama, i mbomaití, leis na briogaid dóiteáin a shlógadh sna stáisiúin pháirtaimseartha	7.63
E.4	% freastal ar láithréain nuair a bhí an chéad fhreastal ann taobh istigh de 10 mbomaite	44.61%
	% freastal ar láithréain nuair a bhí an chéad fhreastal ann taobh istigh de 20 bomaite	30.25%
	% freastal ar láithréain nuair a bhí an chéad fhreastal ann i ndiaidh 20 bomaite	25.14%
E.5	Cosc Dóiteáin	
	Líon iomlán iarratais ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas	254
	Líon iomlán iarratais ar theastais sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh	256

Tugtar faoi deara dearóiliú sna Táscairí Seirbhíse. Mar a comhairlíodh, léiríonn na táscairí seo tionchar tráchta ar chúrsaí taistil, agus níl ach mionúsáid leo mar tháscaire faoi leith seirbhíse dóiteáin.

Cosaint Shibhialta

Bhí Cosaint Shibhialta in Uíbh Fhailí iontach gnóitheach agus gníomhach i rith na bliana arís, faoi cheannasaíocht Denis Canty, (atá anois leis an tSeirbhís Dóiteain A.C.F.O), agus i 2007 bhí cuid mhór oiliúna agus sainchúrsaí traenála, cáilíodh Teagascóir Tarrthála ar Airde amháin sa Bhreatain Bheag agus cuireann sé go mór lenár gcuid seirbhísí in Uíbh Fhailí. Cáilíodh tríocha a cúig ball san iomlán in A.E.Danna á úsáid (Uath-Dhífhribrileoir Seachtrach) faoi theoir chúramach ár gceathrar Teagascóir A.E.D. Mike Hogan: Tracy Canty: Noel Smyth: Stephen Lloyd.



Raphael Fallon C.D.O. ag bronnadh ionchomhartha Rang Príomhoifigigh ar Larry Mooney

Ghlac an Chosaint Shibhialta páirt i chleachtadh Contae ar mórscála i Meitheamh, agus tharla sé seo ar aerpháirc Bhiorra nuair a tharla tuairt aeir spreagtha. Bhí baint ag na Príomhghníomhaíochtaí Éigeandála leis seo:- Gardaí, Seirbhís Otharcharr, na Fórsaí Cosanta, Roinn an Chomhshaoil: Ghlac Cosaint Shibhialta páirt iontach gníomhach chun tosaigh agus dhá otharcharr á gcur ar fáil, Trealamh Dóiteáin, Cumarsáid Raidió, roinnt Foirne Garchabhrach agus thug siad faoi Thriáis na dTaismeach a ghlac páirt sa Chleachtadh Iol-Seirbhísí seo. Bhí tús leis seo go luath san iarnóin, agus tháinig sé chun buaice le cuardach ar láithreán na tuairte, le haghaidh taifead na heitilte agus díol ar bith eile spéise, agus ba í an fhoireann iniúchta ón Aonad Aerthimpistí.

D'fhreagair Cosaint Shibhialta glaoch "Seas Le" ó Rialúchán Otharcharr le linn na Nollag mar gheall ar shioc a bheith ar na bóithre, agus chuir sé ar fáil dhá Jíp 4 X 4. Ligeadh saor muid i ndiaidh ocht n-uaire is daichead. De réir a chéile tá baint níos cóngaraí againn le FPE an Chontae, de réir mar a athraíonn ról s'againn de shíor i limistéar na Tarrthála, na Tacaíochta le Seirbhís Éigeandála, srl.

Leanadh dár ranganna oiliúna de luas i rith na bliana agus tháinig cúigear saorálaí nua leis an tseirbhís, agus críochnóidh siad an bunchúrsa Garchabhrach roimh dheireadh na bliana. Chríochnaigh baill na Seirbhíse Cúntae Dóiteáin a gcuidn oiliúna fosta, gur bhronn an tOifigeach um Chosaint Shibhialta (C.D.O) a gcuid teastas orthu.

Agus iad ag leanstan nóis atá ag fás i gCosaint Shibhialta Uíbh Fhailí, ghlac roinnt ball páirt san Oilithreacht Bhliantúil Mhíleata go Lourdes, agus bhain an fhoireann sult as agus ghlac siad páirt iomlán sna mórshiúlta agus sna searmannais, srl. Is dóigh é seo inar féidir le Cosaint Shibhialta Uíbh Fhailí an "Brat a chur in Airde", mar dhea, agus gur féidir leis íomhá dearfach a léiriú, nuair a bhíonn siad ar seirbhís thar lear.

Sceideal an-ghnóitheach eile a bhí i 2007, gur thug Cosaint Shibhialta clúdach otharchairr, clúdach garchabhrach agus tacaíocht lóistíochúil éagsúil eile, ag na hócáidí áirithe fud fad Uíbh Fhailí. Msh: Siúlóid Lá Caille ag Kilcormac Ramblers; Imeachtaí na Féile Pádraig i dTulach Mhór, Clóirtheach, Cill Chormaic. Seachtain ón Seanré Bhorra, Féile an Fhéinics, Tulach Mhór, agus, b'fhéidir an ócáid is mó sa tír, Fleadh Cheoil na hÉireann. D'oibrigh baill den Chosaint Shibhialta ó go luath iarnóin dé hAoine, go ball maidin dé Luain. Fuair mé go leor moladh ina dhiaidh, ag faisnéisiú an Fhleadh i Stáisiún na nGardaí, ag gabháil buíochais liom agus leis an bhfoireann s'agam as a gcuid tiomantas i leith na hoibre, agus an dearcadh proifisiúnta a bhí acu i mbun oibre, agus faoin dóigh ar chaith siad leis an bpobal.

I 2007 thug Cosaint Shibhialta Uíbh Fáilí clúdach do bhreis agus dualgas agus seasca, maraon le cuidiú le scoileanna áitiúla, agus le páistí le sainriachtanais i dtionscadail áirithe.

